

**Cuideachta Gnóimháochta Ainmnithe Chomhlacht  
Graí Náisiúnta na hÉireann**

**Tuarascáil Bhliantúil  
Don Bhliain Airgeadais dar Críoch 31 Nollaig 2020**

**CLÁR ÁBHAIR**

	<b>Leathanach</b>
STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE	2
TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH	3 - 6
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ 7 - 11	
TUARASCÁIL AN INIÚCHÓRA NEAMHSPLEÁIGH 12 - 14	
BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA	15 - 21
CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS AN GHRÚPA	22
RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH	23
CLÁR COMHARDAITHE AN GHRÚPA	24
CLÁR COMHARDAITHE NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA	25
RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE hATHRUITHE AR CHOTHROMAS 26	
RÁITEAS NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA MAIDIR LE hATHRUITHE AR CHOTHROMAS	27
RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE SREABHADH AIRGID	28
NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA	29 - 40

**STIÚRTHÓIRÍ AGUS EOLAS EILE**

**Bord Stiúirthóirí amhail an 30 Márta 2021**

M Dempsey  
J Tuite  
S Boyle  
M Weld  
D Walsh  
C Kavanagh  
F O'Mahony

**Aturnaetha**

McCann Fitzgerald  
Cé Sir John Rogerson  
Dug na Canálach Móire  
Baile Átha Cliath 2

**Rúnaí agus Oifig Chláraithe**

E Looney  
An Tulaigh  
Cill Dara  
Co. Chill Dara

**Baincéirí**

Banc na hÉireann  
Baile Chill Dara  
Co. Chill Dara

**Uimhir Chuideachta:** 11451

**Iniúcháirí Neamhspleácha**

PricewaterhouseCoopers  
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla  
1 Duga Spencer  
Cé an Phoirt Thuaidh  
Baile Átha Cliath 1

### TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH

Bhí cailteanas €0.4m roimh chánachas ag Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann (an 'grúpa') de réir na gcontas comhdhlúite (2019: brabús €0.8m). Áirítear ansin muirear dímheasa €1.2m (2019: €1.0m), is ionann an brabús roimh chánachas agus dímheas €0.8m (2019: €1.7m). Is €1.6m an t-easnamh airgid ó oibríochtaí (2019 barrachas: €0.3m).

Ba €6.7m an t-ioncam a bhí ag an ngrúpa don bhliain (2019: €7.2m), ba €3.5m an t-ioncam ó ainmniúchán staileanna don bhliain (2019: €3.0m) Cuireann an fhochuideachta INS Commercial Enterprises DAC gníomhaíocht a bhaineann le turasóireacht ar fáil agus bhí tionchar uafásach ag COVID-19 uirthi in 2020 agus shaothraigh sé ioncam €0.5m in 2020 (2019: €1.4m).

### Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

#### Scóip na freagrachta

Thar ceann an bhoird, admhaím an fhreagracht atá ar an mbord a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidmiú. Glactar san áireamh sa fhreagracht seo ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) (an 'Cód').

#### Cuspóir an chórais um rialú Inmheánach

Tá an córas rialála inmheánach leagtha amach chun riosca a bhainistiú a d'fhágfadh an riosca ar leibhéal inseasta seachas a bheith in ann a chur ar neamhní ar fad. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhnithe cinnte a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaráithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.

Bhí an córas um rialú inmheánach, atá de réir na treorach a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i gCuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2020 agus suas go dtí an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

#### An acmhainn déileáil le riosca

Tá Coiste Iniúchta agus Riosca (an 'ARC') ag an máthairchuideachta, Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, a dhéanann freastal ar an ngrúpa, atá comhdhéanta de bheirt chomhaltaí boird agus beirt chomhaltaí seachtracha, a bhfuil saineolas airgeadais ábhartha agus an saineolas is déanaí ag duine acu.

Ceapadh cathaoirleach nua ag deireadh na bliana, David Mongey, a tháinig in áit John Mooney. Tháinig an ARC le chéile ceithre huair le linn na bliana.

Faigheann an ARC tuarascálacha tréimhsiúla ó fheidhm iniúchta inmheánaigh sheachfhoinsithe.

Tá beartas bainistíochta riosca forbartha ag an ARC ina leagtar amach inghlacthacht riosca, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus na ról agus freagrachtaí atá ar bhaill foirne maidir le riosca. Tá an beartas seo eisithe ar an bhfoireann ar fad a bhfuiltear ag súil a bheidh ag obair de réir bheartais bainistíochta riosca Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, chun an bhainistíocht a chur ar an eolas faoi aon rioscaí nó laigeachtaí rialaithe a bheadh ag teacht chun cinn agus freagracht a ghlacadh do rioscaí agus rialuithe a bhainfeadh lena réimse oibre féin.

#### Creat riosca agus rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann a aithníonn agus a thuairiscíonn na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á nglacadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus iad a mhaolú a mhéid is féidir.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí atá le sárú ag an ngrúpa agus tá siad sin aitheanta, measúnaithe agus grádáil déanta orthu de réir tábhachta. Déantar athbhreithniú agus nua-shonrú ar an gclár ag gach cruinniú ARC de réir mar is gá. Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithroinnt chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha.

### TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH - ar lean

#### **Creat riosca agus rialaithe - ar lean**

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh ar bhail foirne shonracha. Dearbhaímse go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- Tá doiciméadú á dhéanamh ar gach príomhphróiseas gnó;
- Freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist;
- Tá córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach;
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú; agus
- Tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní a chosaint.

#### **Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach**

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus déantar easnaimh rialaithe a chur in iúl dóibhsean atá freagrach as beart ceartaitheach a ghlacadh chomh maith leis an mBord agus an bhainistíocht. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú;
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i leith bainistíocht airgeadais sannta; agus
- Déanann an lucht bainistíochta athbhreithniú go rialta ar thuarascálacha feidhmíochta tréimhsiúla, agus bliantúla agus airgeadais a thugann léiriú ar fheidhmíocht in aghaidh buiséad.

#### **Soláthar**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann chun a chinntiú go bhfuil rialacha agus treoirlínte reatha soláthair á gcomhlíonadh agus gur chloí sé leis na nósanna imeachta seo i rith na bliana airgeadais in 2020.

#### **Athbhreithniú ar éifeachtacht**

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht na nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialuithe. Cuireann obair na n-íniúcháirí seachtracha agus inmheánacha, an ARC a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre agus an bhainistíocht shinsearach sa ghrúpa atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choinneáil obair mhonatóireachta agus athbhreithnithe ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh ar an eolas.

Deimhním gur thug an bord faoi athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2020.

#### **Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh**

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach a bhí le nochtadh sna ráitis airgeadais maidir le 2020.

#### **Ráiteas Comhlíontachta**

Tá an Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) glactha ag an mBord agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm chun comhlíontacht leis an gCód a chinntiú. Chloígh Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann agus a fochuideachta leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú don bhliain 2020 agus Acht na gCuideachtaí, 2014.

### TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH - ar lean

#### Athbheithniú ar an mbliain airgeadais

Bhí brabús roimh dhímheas €0.8m ag an ngrúpa (2019: €1.7m) agus cailteanas €0.4m roimh chánachas (2019: brabús €0.8m roimh chánachas).

Bliain as an ngnáth a bhí sa bhliain 2020 do chách agus b'amhlaidh an scéal é do Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann. De bharr na mbagairtí a bhain leis an mBreatimeacht agus Covid-19, ba thimpeallacht sheachtrach thar a bheith dúshlánach a bhí ann.

Is léiriú ollmhór é ar thacaíocht dhúthrachtach an rialtais do thionscal an phóraithe go raibh ar ár gcumas figiúirí thar a bheith láidir a bhreacadh i ndáil lenár ngníomhaíochtaí graí mar go raibh ardú ar líon na láracha a thug searrach ar an saol, líon na gcapall a bhí á gcoinneáil agus á réiteach le hais 2019.

Lean Invincible Spirit de bheith i mbéal an phobail maidir leis an uainchlár agus de bheith ag dul ó neart go neart, ag cur dhá bhuaiteoir i nGrúpa 1 le liosta an tsleachta d'ardchaighdeán dá chuid atá fós ag méadú. Tá 20 bua bainte amach ar an iomlán anois aige. Réitigh sé líon láracha d'ardchaighdeán eile ag an táille€100,000.

Bhí séasúr tosaigh den scoth sa ghraí ag buaiteoir 2,000 Guineas na hÉireann, Phoenix of Spain. Réitigh sé 148 láir ó chuid de na tógálaithe is mó le rá ar domhan. Le sindeacáit láidir agus tacaíocht leanúnach táthar ag súil go mbeidh sé ina stail d'ardghrád amach anseo.

Chuir an margadh an-fháilte roimh an gcéad shearrach bliana a bhí ag National Defense agus ag Decorated Knight araon agus táimid ag súil iad a fheiceáil ar an ráschúrsa den chéad uair in 2021. Lean Dragon Pulse de bhuaiteoirí a tháirgeadh ag cóimheas an-láidir le reathaithe agus d'éirigh thar barr le chéad ghlúin Free Eagle - Khalifa Sat ag críochnú sa dara háit sa G1 Epsom Derby i measc a chuid buaicphointí. Réitigh sé breis is 100 láir arís in 2020; léiriú ar a inmharthanacht tráchtála leanúnach.

Tá tóir ar Elusive Pimpernel i measc tógálaithe le cúpla séasúr agus arís réitigh sé líon mór láracha tráchtála. Tá Coeur Sublime agus Jungle Junction i measc a chuid capall Grád 2 a chruthaigh go maith ar an gcúrsa. Tá seisean ag feidhm ag 10% iontach ag rásaí geallta go dtí reathaithe thar léimeanna.

Ainneoin timpeallacht dheacair trádála nuair a bhí margadh tráchtála na searrach bliana go mór in ísle brí, bhí glacadh an-mhaith arís roimh na searraigh bhliana a chuireamar i láthair ag Goffs and Tattersalls Ireland. Ba dhúshlán lóistíochtúil é chomh maith. Ó tharla nár tugadh faoi aon cheann de na díolacháin ar thalamh na hÉireann, de bharr na paindéime, b'éigean do na searraigh bhliana a thabhairt chuig an RA len iad a dhíol. Chuaigh foireann an INS i ngleic leis an dúshlán seo go stuama agus go dícheallach.

Díoladh Invincible Spirit, an searrach bliana, ar an bpraghas is airde, €460,000, bromach Aimhirgin Lass, a cheannaigh Ben McElroy. Ba é seo an dara searrach ón láir a bhuaigh i ndathanna an Uachtaráin. Tá a céad searrach, darb ainm Castlebar anois, i mbun traenála le Charlie Appleby agus tá dhá bhua bainte amach aici do Godolphin.

Ar ais ar an bhfeirm, saolaíodh 270 searrach in aonad na searrach, méadú mór ar an 219 searrach a tugadh ar an saol. Chuireamar fáilte roimh 30 searrach faoi úinéireacht na graí agus comhpháirtithe sindeacáite lena n-áirítear searraigh le Invincible Spirit, Starspangledbanner, Sioux Nation, Expert Eye, Zoustar, Exceed and Excel agus Distorted Humor.

Ainneoin an fheidhmíocht láidir seo ar thaobh na graí, d'fhulaing an gnó turasóireachta atá againn mar gheall ar éileamh idirnáisiúnta a bheith go hiomlán faoi chois agus tréimhsí dianghlásála áitiúla. Mar ab ionann le tionscal iomlán an fháilteachais, bhí líon an gcuaiteoirí a bhí againn síos 62% bliain ar bhliain. Bhí séasúr na turasóireachta thar a bheith deacair agus bhí titim 62% ar theacht isteach. Cé go bhfuil infheistíocht shuntasach agus gnóthachtálacha láidre déanta againn i gcúrsaí Turasóireachta le blianta beaga anuas, táimid dóchasach i gcónaí go mbeidh an teacht aniar, nuair a thiocfaidh sé chomh tapa céanna leis an gcúlú.

Tá ró-éileamh fós ar ár gcúrsa bainistíochta graí agus tá an-mheas air ar fud an domhain. Bhain seachtar mac léinn is fiche, as 9 tír ar leith, céim amach i dTulaigh in 2020. Bhí an t-ádh ar thriúr dár gcuid céimithe gur roghnaíodh iad le bheith páirteach i gClár Godolphin Flying Start, a bhfuil clú agus cáil air, arís i mbliana. Tá stádas Leibhéal 5 ar QQI bainte amach anois ag Cúrsa na Graí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

**TUARASCÁIL AN CHATHAOIRLIGH - ar lean**

Tá traidisiún barr feabhais fadbhunaithe ag an ngraífheirm seo. Ba mhór an onóir a bhí ann nuair a cuireadh an ghraí le Liosta Onóra an ITBA in 2020, in éineacht le daoine uaisle eile mar Vincent O'Brien agus Michael Osborne.

Ní féidir é sin a bhaint amach ach amháin le hobair chrua, le scil agus le díograis na ndaoine a oibríonn anseo. Thar ceann an Bhoird ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh leis an bhfoireann ar fad, faoi threoir ár bPríomhfheidhmeannaigh Cathal Beale, as an méid atá bainte amach acu i mbliana in ainneoin cúinsí seachtracha thar a bheith deacair.

**Athbhreithniú ar an mbliain airgeadais - ar lean**

Glacaimid buíochas leis an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an tUasal Charlie McConalogue agus le foireann a roinne agus leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe as a gcuid tacaíochta agus treorach i rith na bliana.

**Thar ceann an bhoird**

**M Dempsey**  
**Cathaoirleach**

**Dáta: 30 Márta 2021**

### **TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ - ar lean**

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus na ráitis airgeadais iniúchta i ndáil leis an ngrúpa agus leis an máthairchuideachta i láthair don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020. Tá an grúpa comhdhéanta den mháthairchuideachta, Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann agus a fochuideachta, INS Commercial Enterprises DAC.

#### **Torthaí, díbhinní agus cúlchistí**

Bhí cailteanas roimh chánachas de €384,960 (2019: brabús €757,367). Ní mholann na stiúrthóirí go ndearbhófaí díbhinn (2019: €Nialas) nó aistriú chuig cúlchiste (2019: €Nialas).

#### **Príomhghníomhaíochtaí agus athbhreithniú ar an ngnó**

Tá athbhreithniú ar mar a d'éirigh leis an ngrúpa san áireamh i dtuarascáil an Chathaoirligh ar leathanaigh 3 go 5. Is é príomhghníomhaíocht an ghrúpa ná graífheirmeoireacht, turasóireacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

#### **Gnóthas leantach**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh de réir mar a bhíonn an bord sásta go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag eintitis agus grúpa Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann le coinneáil ag imeacht chomh fada agus is léir amach anseo.

#### **Príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí**

Is é straitéis an ghrúpa staileanna d'ardchaighdeán a sheasamh agus capaill rásaíochta a bheidh ábalta dul san iomaíocht i rásaí d'ardghrád a phóru agus saoráid coinneála agus díolta ar ardchaighdeán a chur i bhfeidhm.

Tá feidhmíocht an ghrúpa ag brath go mór ar shláinte na staileanna agus an tóir atá orthu agus go háirithe Invincible Spirit atá ceithre bliana is fiche. Tá sé ag brath chomh maith ar shláinte agus ar éileamh sa mhargadh i ndáil lena gcuid seirbhísí.

Is deacair rioscaí áirithe atá le sárú ag an ngrúpa a thomhas ach baineann siad go príomha leis an mBreatimeacht, le Covid-19 agus le galair ainmhithe a chuirfeadh srian ar ghluaiseacht/thaisteal ainmhithe.

Mar gheall ar nádúr an tionscail ina bhfuil an grúpa ag feidhmiú is iad méid agus uainiú na n-ioncam sa todhchaí an neamhchinnteacht is mó ag an ngrúpa fós.

#### **Imeachtaí ó dheireadh na bliana airgeadais**

Ó dheireadh na bliana níl aon eachtra ar leith tar éis titim amach a mbeadh tionchar acu ar na ráitis airgeadais seo.

#### **Forbairtí amach anseo**

Níl aon mhórpheannanna forbartha eile ag an ngrúpa amach anseo seachas mar a leagtar amach i Ráiteas an Chathaoirligh.

#### **Tabhartas polaitíochta**

Níor thug an grúpa aon tabhartas polaitíochta le linn na bliana airgeadais (2019: €Nialas).

#### **Taighde agus forbairt**

Níor thabhaigh an grúpa aon chaiteachas ar thaighde ná ar fhorbairt le linn na bliana airgeadais (2019: €Nialas).

#### **Craobhacha**

Níl aon chraobhacha coigríche ag an ngrúpa.



## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ - ar lean

### Páirtí rialaithe deiridh

Tá úinéireacht thairbhiúil an scairchaipitil eisithe go léir dílsithe don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Ráiteas maidir le Rialachas

Is faoin Acht Groighe Náisiúnta, 1945 a bunaíodh bord Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann. Tá an bord freagrach don Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara agus is é atá freagrach as a chinntiú go ndéantar dea-rialachas. Tugann sé faoin tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomhshaincheist gnó. An Príomhfheidhmeannach (CEO) agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as an ngrúpa a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá. Ní mór don Phríomhfheidhmeannach agus don fhoireann bainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan a leagan an bord amach a leanúint agus a chinntiú go bhfuil tuiscint mhaith ag gach comhalta boird ar na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhchinntí a bhaineann leis an ngrúpa agus aon rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh a theacht chun cinn. Feidhmíonn an Príomhfheidhmeannach mar theagmhálaí díreach idir bord agus bainistíocht an ghrúpa.

### Freagrachtaí an Bhoird

Leagtar amach i dtéarmaí tagartha stiúrthóirí an bhoird obair agus freagrachtaí an bhoird chomh maith le nithe a fhorchoimeádtar go sonrach do chinneadh boird. I measc na mbuan-nithe a bhreithníonn an bord, tá:

- Dearbhú leasanna;
- Tuarascálacha ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca;
- Tuarascálacha airgeadais agus cuntais bainistíochta;
- Tuarascálacha feidhmíochta; agus
- Nithe forchoimeáda.

### Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir reachtaíocht na hÉireann.

Ceanglaíonn dlí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an chomhlachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus ar chailteanas an chomhlachta sa bhliain airgeadais. De réir an dlí sin a d'ullmhaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais de réir an Chleachtais Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh go Ginearálta leis in Éirinn (caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais, lena n-áirítear an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, "*an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA, i bPoblacht na hÉireann agus in Éirinn*").

Ceanglaíonn dlí na hÉireann ar na stiúrthóirí gan na ráitis airgeadais a cheadú mura bhfuil siad sásta go dtugann siad léargas fíorcheart ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an chomhlachta amhail deireadh na bliana airgeadais agus ar bhrabús agus ar chailteanas an chomhlachta sa bhliain airgeadais sin.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar na stiúrthóirí:

- beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a fheidhmiú go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a rá cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na gcaighdeán cuntasaíochta infheidhme agus na caighdeáin atá i gceist a lua, faoi réir aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin sin a nochtadh agus a mhíniú sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, sin mura mbíonn sé mí-oiriúnach glacadh leis go leanfaidh an comhlacht lena ghnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta a choinneáil atá leordhóthanach chun:

- idirbhearta an chomhlachta a thairfeadh go cruinn agus a mhíniú;
- a léireoidh, ag aon am, sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus cailteanas nó brabús an chomhlachta le cruinneas réasúnach; agus

## TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ - ar lean

- cur ar chumas na stiúrthóirí a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais ag cloí le hAcht na gCuideachtaí 2014 agus gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais sin.

Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as sócmhainní an chomhlachta a chosaint agus as sin, céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

## Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí - ar lean

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach maidir le faisnéis airgeadais agus corparáideach a choinneáil agus maidir le caighdeán na faisnéise sin. D'fhéadfadh reachtaíocht na hÉireann i ndáil le ráitis airgeadais a ullmhú agus a scaipeadh a bheith éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

## Rialú airgeadais inmheánach

Thar ceann an bhoird, admhaím ár bhfreagracht as a chinntiú go ndéanfar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú. Ní féidir le córas dá leithéid ach deimhniú réasúnta agus ní deimhniú iomlán a sholáthar in aghaidh earráidí ábharacha agus tá an córas atá i bhfeidhm i gcomhréir le méid agus le nádúr an ghrúpa.

Ar na nósanna imeachta tábhachtacha atá curtha i bhfeidhm ag an mbord ar mhaithe le rialú airgeadais inmheánaigh éifeachtach a sholáthar áirítear iad seo a leanas:

- Struchtúr bainistíochta sainmhínithe a bhfuil a chuid dualgas deighilte go cuí ar fud na heagraíochta;
- Tá nósanna imeachta sainiúla soiléire i bhfeidhm chun ceannach, íocaíochtaí, admhálacha agus párolla a rialú;
- Tá beirt stiúrthóirí i measc an choiste iniúchta; buaileann siad le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais. Chomh maith leis sin faigheann siad tuarascálacha tréimhsiúla ó fheidhm Iniúchta Inmheánaigh sheachfhoinsithe;
- Pléitear rioscaí gnó tábhachtacha ag an mBord agus déantar cinntí bunaithe ar an gcomhairle ghairmiúil is fearr atá ar fáil. Athbhreithníonn an bord cuntas agus feidhmíocht bainistíochta in aghaidh an bhuiséid; agus
- Tá cóid iompair do stiúrthóirí agus d'fhostaithe i bhfeidhm agus tá siad foilsithe ar láithreán gréasáin an chomhlachta.

Rinne an bord athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais trí na céimeanna thuasluaite in 2020.

## Stiúrthóirí

Tá an Bord comhdhéanta den Chathaoirleach agus seisear gnáthchomhaltaí. Is é an tAire Talmhaíochta, Bia agus Mara a cheapann iad ar fad i ndiaidh dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Leagtar amach thíos ceapachán nó na dátaí ceapacháin is déanaí do na comhaltaí reatha:

Comhalta boird	Ról	Dáta a ceapadh/a hathcheapadh
Matt Dempsey	Cathaoirleach	1 Márta 2018
John Tuite	Gnáthchomhalta	25 Deireadh Fómhair 2018
Seamus Boyle	Gnáthchomhalta	25 Deireadh Fómhair 2018
Mark Weld	Gnáthchomhalta	29 Deireadh Fómhair 2018
Dairine Walsh	Gnáthchomhalta	31 Lúnasa 2018
Clodagh Kavanagh	Gnáthchomhalta	9 Feabhra 2021
Finola O'Mahony	Gnáthchomhalta	9 Feabhra 2021

D'éirigh na stiúrthóirí seo a leanas as an mbord i rith na bliana airgeadais:

Comhalta boird	Ról	Dáta an éirí as
----------------	-----	-----------------

**TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ - ar lean**

Sean Brady	Gnáthchomhalta	31 Nollaig 2020
Jessica Harrington	Gnáthchomhalta	31 Nollaig 2020

Cinneann an tAire na táillí atá iníoctha le comhaltaí Boird. Tá táillí agus speansais chomhaltaí an Bhoird i rith 2020 leagtha amach thíos:

<b>Comhalta boird</b>	Táillí €
M Dempsey	€12,600
S Brady	€8,100
J Harrington	€8,100
J Tuite	€8,100
S Boyle	€8,100
<b>Stiúrthóirí - ar lean</b>	

<b>Comhalta boird</b>	Táillí €
M Weld	€8,100
D Walsh	€8,100

Rinneadh €800 san iomlán (2019: €574) ar fad le comhaltaí boird ar éilimh speansais mhíleáiste le linn na bliana.

**Freastal ar chruinnithe**

Tionóladh cúig chruinniú Boird i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2020. Bhí freastal chomhaltaí an bhoird ag na cruinnithe sin mar atá leagtha amach thíos:

<b>Comhalta boird</b>	Incháilithe le freastal	Ar freastalaíodh orthu
M Dempsey	5	5
S Brady	5	5
J Harrington	5	3
J Tuite	5	5
S Boyle	5	5
M Weld	5	5
D Walsh	5	4

Tionóladh ceithre chruinniú de chuid an Choiste Riosca agus Iníúchta i rith na bliana dar críoch 31 Nollaig 2020. Bhí freastal chomhaltaí an Bhoird ag na cruinnithe sin mar atá leagtha amach thíos:

<b>Comhalta an choiste</b>	Incháilithe le freastal	Ar freastalaíodh orthu
J Malone (Cathaoirleach)	4	4
D Walsh	4	4
S Boyle	4	3
M Davin	4	4

Ceapadh cathaoirleach nua ag deireadh na bliana, David Mongey, a tháinig in áit ar John Malone.

## **TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ - ar lean**

Tá luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh ag teacht le “Treoirlínte ar Chonarthaí, Luach Saothair agus coinníollacha eile na bPríomhfheidhmeannach agus Bhainistíocht Shinsearach na gComhlachtaí Stáit Tráchtála” a eisíodh i Márta 2006 agus a bhfuil achoimre déanta air i Nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

### **Taifid chuntasaíochta**

Is iad na bearta a ghlac na stiúrthóirí chun a chinntiú go bhfuiltear ag cloí le ceanglais alt 281-285 d'Acht na gCuideachtaí 2014 i dtaobh oibleagáid an chomhlachta taifid leordhóthanacha chuntasaíochta a choinneáil ná úsáid a bhaint as córais agus as nósanna imeachta cuí agus daoine inniúla a fhostú. Tá na taifid chuntasaíochta coinnithe sa Tulaigh, Co. Chill Dara.

### **An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997**

Áirítear an comhlacht mar cheannaitheoir liostaithe earraí agus seirbhísí i sceideal an Achta um Íoc Pras Cuntas 1997 agus atá faoi réimse freagrachtaí Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íoc Mall i gcás Bearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm ar an 7ú Lúnasa 2002. Dé réir an Achta agus na dtreoirlínte arna eisiúint ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, soláthraítear an t-eolas seo a leanas:

Is é polasaí scríofa an ghrúpa ná a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Sa chás go bhfuil conradh scríofa ann íoctar sonraisc de réir téarmaí an chonartha. Cé go bhfuil nósanna imeachta leagtha amach le comhlíonadh de réir an Achta a chinntiú ní féidir leo ach deimhniú réasúnach agus ní deimhniú iomlán a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta. Níor íocadh aon ús i rith na bliana.

### **Faisnéis a nochtadh d'iniúcháirí**

Tá na nithe seo a leanas deimhnithe ag na stiúrthóirí a bhí in oifig ar dháta na tuarascála seo:

- a mhéid is eol dósan/dise, níl aon fhaisnéis ábhartha iniúcháireachta nach bhfuil curtha faoi bhráid iniúcháirí reachtúla an ghrúpa; agus
- tá gach céim ar cóir dó/di a ghlacadh mar stiúrthóir chun eolas a chur ar aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha agus chun a dheimhniú go bhfuil eolas ag iniúcháirí reachtúla an ghrúpa ar an bhfaisnéis sin, glactha aige/aici.

### **Iniúcháirí reachtúla**

Tá sé tugtha le fios ag na hiniúcháirí reachtúla Pricewaterhouse Coopers go bhfuil siad sásta leanúint i mbun oifige agus molfar rún iad a athcheapadh ag an gCruinniú Cinn Bhliana.

### **Thar ceann an Bhoird:**

**M Dempsey**  
Stiúrthóir

**S Boyle**  
Stiúrthóir

**E Looney**  
Rúnaí an Chomhlachta



# **Tuarascáil na n-íniúcháirí neamhspleácha chuig comhaltaí Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann**

## **Tuarascáil ar iniúchadh na ráiteas airgeadais**

---

### **Tuairim**

Is é ár dtuairim go dtugann ráitis airgeadais Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann agus ráitis airgeadais na máthairchuideachta (na "ráitis airgeadais"):

- léargas fíor agus cothrom ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an ghrúpa agus na máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2020 agus ar chaillteanas agus ar shreabhadh airgid an ghrúpa don bhliain dar chríoch;
- gur ullmhaíodh i gceart iad de réir Chleachtas Chuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn, (GAAP na hÉireann) (caighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais sa RA, lena n-áirítear an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, "An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais a bhfuil feidhm leis sa RA agus in Éirinn" agus reachtaíocht na hÉireann); agus
- gur ullmhaíodh go cuí iad de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Tá iniúchadh déanta againn ar na ráitis airgeadais atá mar chuid den Tuarascáil atá comhdhéanta de:

- Clár Comhardaithe an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta amhail an 31 Nollaig 2020;
- Cuntas Brabúis agus Cailleanais an Ghrúpa don bhliain dar chríoch;
- Ráiteas an Ghrúpa maidir le hIoncam Cuimsitheach don bhliain dar chríoch;
- Ráiteas an Ghrúpa maidir le Sreabhadh Airgid don bhliain dar chríoch;
- Ráiteas an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta maidir le hAthrú ar Chothromas don bhliain dar chríoch; agus
- nótaí leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear cur síos ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

---

### **An bonn atá leis an tuairim**

Tugadh faoin iniúchadh de réir Chaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (Éire) ("ISAnna (Éire)") agus an dlí infheidhme. Déantar breis cur síos ar na freagrachtaí atá orainn faoi na ISAnna (Éire) inár dtuarascáil sa chuid Freagrachtaí na nIniúcháirí i ndáil le hIniúchadh na Ráiteas Airgeadais. Measaimid go bhfuil an fhianaise iniúcháireachta atá aimsithe againn leordhóthanach agus ábhartha chun bonn a chur faoi mo thuairim.

### *Neamhspleáchas*

D'fhanamar neamhspleách ón ngrúpa de réir na gceanglas eiticíúla mar a bhaineann le hiniúchadh ar ráitis airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear Caighdeán Eiticíúla an IAASA agus tá na freagrachtaí eiticíúla eile a bhí orainn comhlionta againn de réir na gceanglas sin.

---

### **Conclúidí i ndáil le gnóthas leantach**

Bunaithe ar an obair atá déanta againn, níl aon neamhchinnteachtaí ábhartha aitheanta againn maidir le himeachtaí nó le coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh, bíodh sin ar bhonn aonair nó go comhpháirteach, ar chumas an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ó thugtar údarú na ráitis airgeadais a eisiúint.

Tá cinnte againn, agus iniúchadh déanta ar na ráitis airgeadais, go bhfuil an úsáid a bhaineann na stiúrthóirí as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh chun na ráitis airgeadais a ullmhú oiriúnach.

Ó tharla nach féidir imeachtaí ná coinníollacha ar fad an todhcháí a thuar, ní hionann an ráiteas seo agus dearbhú i leith cumas an ghrúpa nó na máthairchuideachta leanúint mar ghnóthas leantach.

Déantar cur síos ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach i gcodanna ábhartha den tuarascáil seo.

---

### **Tuairisc ar nithe eile**

Tá an fhaisnéis eile comhdhéanta den fhaisnéis ar fad atá sa Tuarascáil Bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil na n-íniúcháirí. Na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Ní bhaineann an tuairim a thugaimid ar na ráitis airgeadais le haon fhaisnéis eile agus, dá réir sin, ní thugaimid tuairim iniúchta ná aon chineál deimhniú ina leith na faisnéise sin seachas a mhéid a luaitear go sonrach sa tuarascáil seo.

---

## Tuairisc ar nithe eile - ar lean

Maidir lenár iniúchadh ar na ráitis airgeadais, an fhreagracht atá orm an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh agus lena linn sin a bhreithniú cibé an bhfuil an fhaisnéis eile ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó le heolas a fuarthas le linn an iniúchta nó sin an léir go bhfuil míráiteas ábhartha i gceist. Sa chás go n-aithnímid neamhréireacht ábhartha nó míráiteas ábhartha, éilítear orainn tabhairt faoi nósanna imeachta chun a shocrú cibé an bhfuil míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha déanta ar an bhfaisnéis eile. Más é an tátal a bhainimid amach, bunaithe ar an obair atá curtha i gcrích againn, gurb ann do mhíráiteas ábhartha ar an bhfaisnéis eile seo, tá dualgas orainn tuairisc a thabhairt faoi sin. Níl aon ní le tuairisciú againn bunaithe ar na freagrachtaí seo.

Maidir le Tuarascáil na Stiúrthóirí, bhreithníomar freisin cibé ar áiríodh na nochtuithe a éilítear faoi Acht na gCuideachtaí 2014.

### *Tuarascáil na Stiúrthóirí*

Bunaithe ar na freagrachtaí dá ndéantar cur síos thuas agus an obair ar thugamar fúithi le linn an iniúchta, éilítear orainn de réir ISAnna (Éire) agus Acht na gCuideachtaí 2014 tuairisciú ar thuairimí áirithe ar nithe dá dtugtar cuntas orthu thíos:

- Is é ár dtuairim, bunaithe ar an obair atá déanta againn le linn an iniúchta go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil na Stiúrthóirí don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2020 ag teacht leis na ráitis airgeadais agus gur ullmhaíodh í de réir na gcaighdeán dlí is infheidhme.
- Bunaithe ar an eolas agus an tuiscint atá againn ar an ngrúpa agus ar an mháthairchuideachta agus ar an timpeallacht a fuairamar le linn an iniúchta, níor aithníomar aon mhíráitis ábhartha i dTuarascáil na Stiúrthóirí.

### *Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an "Cód")*

Faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an "Cód") éilítear orainn a thuairisciú duit mura dtugann an ráiteas maidir leis an gcóras rialaithe airgeadais mar a áirítear i ráiteas an chathaoirligh ar leathanach 3 go 6 léiriú ar chomhlíontacht an chomhlachta le halt 1.9(iv) de na riachtanais Gnó agus Tuairiscithe Airgeadais nó mura bhfuil sé ag teacht le faisnéis atá ar eolas againn ón obair iniúchta ar na ráitis airgeadais. Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis an bhfreagracht seo.

---

## Freagrachtaí maidir leis na ráitis airgeadais agus an t-iniúchadh

### *Freagrachtaí atá ar na stiúrthóirí i ndáil leis na ráitis airgeadais*

Mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe sa Ráiteas maidir le Freagrachtaí na Stiúrthóirí ar leathanach 8-9, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú de réir an chreata infheidhme agus a bheith sásta go dtugann siad léargas fíor agus cothrom.

Tá na stiúrthóirí freagrach freisin as rialú inmheánach a chinneann siad atá riachtanach d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé mar thoradh ar chalois nó earráid.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar acmhainn an ghrúpa agus na máthairchuideachta leanúint ag feidhmiú mar ghnóthas leantach, agus nithe a bhaineann le gnóthas leantach a nochtadh, mar is infheidhme agus úsáid a bhaint as an mbonn cuntasáiochta gnóthais leantaigh mura bhfuil sé i gceist ag na stiúrthóirí an grúpa nó an mháthairchuideachta a leachtú nó éirí as oibríochtaí nó nach bhfuil aon rogha eile réadúil eile acu ach sin a dhéanamh.

### *Freagrachtaí na nIniúcháirí i ndáil le hiniúchadh na ráiteas airgeadais*

An cuspóir atá againn teacht ar dhearbhu réasúnach cibé an bhfuil na ráitis airgeadais tríd is tríd saor ó aon mhíráiteas ábhartha mar thoradh ar chalois nó earráid agus tuarascáil iniúcháirí a eisiúint ina dtugtar ár dtuairim. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe ach ní hionann é is barántas go dtiocfar i gcónaí, le linn iniúchadh a dtugtar faoi de réir na ISAnna (Éire), ar mhíráitis ábhartha nuair is ann dóibh. D'fhéadfadh míráitis eascairt ó chalois nó ó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha má tá ionchas réasúnach ann go n-imreoidh siad, astu féin nó le chéile, tionchar ar chinntí eacnamaíochta úsáideoirí a dhéantar bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Is féidir le tástáil a dhéanamh ar ghrúpaí iomlána maidir le hidirbhirt agus iarmhéideanna áirithe a bheith i gceist leis an tástáil iniúchta, trí úsáid a bhaint seans as teicnící iniúcháireachta sonraí. Bíonn i gceist leis sin áfach líon teoranta de mhíreanna a roghnú lena dtástáil seachas grúpaí iomlána a thástáil. Féachfaimid go minic díriú ar mhíreanna áirithe lena dtástáil bunaithe ar a méid nó ar a dtréithe riosca. I gcásanna eile, bainimid úsáid as samplú iniúcháireachta lena chur ar ár gcumas teacht ar chonclúid maidir leis an ngrúpa ónar tógadh an sampla.

Tá cur síos breise ar ár gcuid freagrachtaí do iniúchadh na ráiteas airgeadais le fáil ar láithreán gréasáin an IAASA ag:

[https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description\\_of\\_auditors\\_responsibilities\\_for\\_audit.pdf](https://www.iaasa.ie/getmedia/b2389013-1cf6-458b-9b8f-a98202dc9c3a/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf)



Is cuid de thuarascáil na n-iniúcháirí an cur síos seo.

---

## **Freagrachtaí maidir leis na ráitis airgeadais agus an t-iniúchadh - ar lean**

*Úsáid na tuarascála seo*

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, lena n-áirítear na tuairimí, do chomhaltaí an chomhlachta, agus dóibhsean amháin, de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 agus ní d'aon chríoch eile. Ní thógaimid ná ní ghlacaimid le freagracht, agus sinn ag léiriú ár dtuairim, as aon chríocha eile ná as aon duine eile a dtaispeánfar an tuarascáil seo dóibh nó i cibé lámha a bhféadfadh sé dul seachas nuair a bhíonn sin comhaontaithe roimh ré i scríbhinn.

---

## **Tuairiscíocht eile atá de dhíth**

### **Tuairimí ar nithe eile faoi Acht na gCuideachtaí 2014**

- Fuaireamar an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a mheasamar a bheith riachtanach chun críche ár n-iniúchta.
- Is é ár dtuairim go raibh taifid chuntasaíochta na máthairchuideachta leordhóthanach chun go bhféadfaí ráitis airgeadais na máthairchuideachta a iniúchadh go hiomchuí agus go réidh.
- Tá Clár Comhardaithe na Máthairchuideachta ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

---

### **Tuairisciú eisceachta eile**

*Luach saothair agus idirbhearta na Stiúrthóirí*

Faoi Acht na gCuideachtaí 2014 éilítear orainn a thuairisciú duit, más é ár dtuairim, nár nochtadh luach saothair agus idirbhearta na stiúrthóirí mar a shonraítear in ailt 305 go 312 den Acht. Níl aon eisceachtaí le tuairisciú againn a eascraíonn ón bhfreagracht sin.

**Siobhán Collier**  
**do PricewaterhouseCoopers agus thar a cheann**  
**Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúcháireachta Reachtúla**  
**Baile Átha Cliath**

31

Márta

2021

### **BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA**

Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go seasta ag déileáil le míreanna a meastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais:

#### **Eolas ginearálta**

Is iad príomhghníomhaíochtaí Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann ("an comhlacht") agus a fochuideachta ("an grúpa" in éindí) ná graifheirmeoireacht, turasóireacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara.

Is iad na ráitis airgeadais seo ráitis airgeadais ar leith agus chomhdhlúite an chomhlachta don bhliain dar tús an 1 Eanáir 2020 agus dar críoch 31 Nollaig 2020. I dTulaigh, Co. Chill Dara atá oifig chláráithe an chomhlachta.

#### **Ráiteas Comhlíontachta**

Tá ráitis airgeadais an ghrúpa ullmhaithe ar bhonn ghnóthais reatha agus de réir GAAP na hÉireann (chaighdeán chuntasaíochta arna n-eisiúint ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais na Ríochta Aontaithe agus Acht na gCuideachtaí 2014). Comhlíonann ráitis airgeadais an ghrúpa le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, an Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe (FRS 102).

#### **Bonn ullmhúcháin**

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an ghrúpa faoin gcoinbhinsiún costais stairiúil agus tá siad san fhormaid atá ceadaithe ag an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara. Tá na beartais seo i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir le gach bliain airgeadais atá curtha i láthair, mura gcuirtear a mhalairt in iúl.

Chun ráitis airgeadais a ullmhú le go gcomhlíonfaidh siad FRS 102, ní mór príomh-bhoinn tuisceana áirithe faoin todhchaí a úsáid, chomh maith le príomh-fhoinsí neamhchinnteachta meastóireachta eile ag deireadh na bliana airgeadais. Ceanglaíonn sé ar na stiúrthóirí freisin a mbreithiúnas a úsáid agus iad ag cur beartais chuntasaíochta an chomhlachta i bhfeidhm. Nochtar i nóta 23 na réimsí lena mbaineann méid níos airde breithiúnais nó réimsí ina gcruthaíonn boinn tuisceana agus meastacháin baol suntasach ó thaobh coigeartú ábhartha ar mhéideanna carraeireachta na sócmhainní agus na ndliteanas laistigh den chéad bhliain airgeadais eile.

#### **Bonn ullmhúcháin**

Áirítear ráitis airgeadais an chomhlachta agus gach gnóthas a fochuideachta suas go dtí an 31 Nollaig i ráitis airgeadais chomhdhlúite an ghrúpa.

Is éard is fochuideachta ann ná eintiteas faoi smacht an ghrúpa. Is ionann smacht agus an chumhacht beartais airgeadais agus oibreacha eintitis a rialú chun leas a bhaint as a ghníomhaíochtaí.

Sa chás go bhfuil beartais éagsúla ag an bhfochuideachta leis an ngrúpa, déanfar athruithe ar ráitis airgeadais na fochuideachta sin chun beartais chuntasaíochta an ghrúpa a chur i bhfeidhm ina leith agus ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú.

Áirítear aon ghnóthas fochuideachta a díoladh nó a fuarthas suas go dtí nó ó dhátaí athraithe smachta.

Ar chomhdhlúthú díothaítear gach idirbheart idirghrúpa, iarmhéideanna, ioncam agus costais.

#### **Gnóthas Leantach**

Freastalaíonn an comhlacht agus an grúpa ar a riachtanais chaipitil oibre ó lá go lá trína shaoráidí bairc agus sreabhaidh airgid. Tá neamhchinnteacht ann mar thoradh ar choinníollacha eacnamaíochta. Léiríonn réamhaisnéisí agus teilgin an chomhlachta agus an ghrúpa, agus aird ar athruithe a d'fhéadfadh teacht, go réasúnach, ar fheidhmíocht trádála, gur cheart go mbeadh an comhlacht in ann oibriú laistigh de mhéid a saoráidí reatha. I ndiaidh dóibh fiosrúcháin a dhéanamh, tá ionchas réasúnta ag na stiúrthóirí go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag an gcomhlacht agus ag an ngrúpa leanúint ar aghaidh i mbun gnó chomh fada agus is léir dúinn amach anseo. Mar gheall air sin, leanfaidh an comhlacht agus an grúpa ag glacadh le bonn an ghnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú aige.



## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - ar lean

### Sócmhainní airgeadais

(i) Infheistíocht maidir le gnóthais fochuideachta

lompraítear infheistíocht an chomhlachta maidir le gnóthais an ghrúpa ghaolmhair ag costais stairiúil lúide cailteanais lagaithe carntha.

### Costais iasachta

Aithnítear na costais ar fad maidir le hiasachtaí mar bhrabús nó mar chaillteanas i ndáil leis an mbliain airgeadais a tabhaíodh iad.

### Taighde agus forbairt

Díscríobhtar caiteachas maidir le taighde agus forbairt sa chuntas brabúis agus cailteanais i ndáil leis an mbliain a tabhaíodh iad.

### IDirbhearta páirtithe gaolmhara

Nochtann an grúpa idirbhearta le páirtithe gaolmhara nach bhfuil ar lánúinéireacht laistigh den ghrúpa céanna. Ní nochtann sé idirbhearta le comhaltaí den ghrúpa céanna atá ar lánúinéireacht.

### Sochair d'fhostaithe

Cuireann an grúpa raon sochar ar fáil do na fhostaithe, ina measc socruithe saoire le pá agus sochair iarfhostaíochta (i bhfoirm sochair shainithe agus pleananna pinsin ranníocaíochtaí sainithe).

(i) *Sochair ghearrthéarmacha*

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, lena n-áirítear saoire le pá agus sochair neamh-airgid eile chomhchosúla, mar chostas sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís.

(ii) *Pleananna pinsin ranníocaíochta sainithe*

Feidhmíonn an grúpa plean ranníocaíochta sainithe d'fhostaithe áirithe. Is éard atá i bplean ranníocaíochtaí sainithe ná plean pinsin faoina n-íocann an comhlacht ranníocaíochtaí socraithe isteach in eintiteas ar leithligh. Níl oibleagáid dhlíthiúil ná inchiallaithe ar an gcomhlacht ranníocaíochtaí breise a dhéanamh ná íocaíochtaí sochair díreacha a dhéanamh le fhostaithe sa chás nach bhfuil go leor airgid sa chiste chun na sochair fostaíthe a bhaineann le seirbhís fostaíthe sa tréimhse reatha agus i dtréimhsí roimhe sin a íoc. Coinnítear sócmhainní an phlean ar leithligh ó chuid an chomhlachta i gcistí a riartar go neamhspleách. Aithnítear na ranníocaíochtaí chuig an bplean mar chostas an tráth a bhíonn siad dlite le hÍoc. Áirítear méideanna gan íoc i bhfabhrúithe ar an gclár comhardaithe.

(iii) *Plean pinsin sochair shainithe*

Feidhmíonn an grúpa plean pinsin sochair shainithe d'fhostaithe áirithe agus tá sé dúnta do chomhaltaí nua anois. Tugtar sainmhíniú trí phlean sochair sainithe ar an sochar pinsin a gheobhaidh an fostaí an tráth a dtéann sé/sí ar scor, ag brath, de ghnáth, ar roinnt fachtóirí mar aois, fad seirbhíse agus luach saothair. Is sochar iar-fhostaíochta é plean sochair sainithe nach plean ranníocaíochtaí sainithe é.

Is é an dliteanas a aithnítear ar an gclár comhardaithe i ndáil leis an bplean sochair shainithe ná luach láithreach na hoibleagáide sochair sainithe ag deireadh gach bliain airgeadais lúide luach cóir shócmhainní an phlean amhail an dáta sin.

Déanann achtúire seachtrach an oibleagáid shochair shainithe a ríomh gach bliain trí úsáid a bhaint as an modh creidmheasa aonaid fortheilgthe. Ríomhtar luach reatha na hoibleagáide sochair sainithe trí lascainiú a dhéanamh ar eis-sreabhadh airgid measta don am atá ag teacht ag úsáid torthaí margaidh ar bhannaí corparáide ardcháilíochta a ainmnítear in Euro agus lena mbaineann téarmaí a thagann le tréimhse mheasta na n-íocaíochtaí amach anseo ('ráta lascaine').

Tomhaistear luach cóir na sócmhainní plean as a bhfuil na hoibleagáidí le socrú de réir beartas cuntasaíochta an chomhlachta do shócmhainní airgeadais. Is é seo an praghas luaite i margadh gníomhach maidir le formhór na sócmhainní plean. Sa chás nach bhfuil praghsanna luaite ar fáil, baintear úsáid as teicnící luachála chun an luach cóir a mheas.

## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - ar lean

### Sochair d'Fhostaithe - ar lean

#### (iii) *Plean pinsin sochair shainithe - ar lean*

Tá costas an phlean phinsin sochair sainithe, a aithnítear sa chuntas brabúis agus cailteanais, ach amháin sa chás go n-áirítear é faoi chostas sócmhainne, comhdhéanta de:

- (a) méadú ar ghlandliteanas sochair sainithe ag eascairt as seirbhís an fhostaí i rith na bliana airgeadais; agus
- (b) costas plean a thabhairt isteach, athruithe ar shochair, ciorruithe agus socruithe.

Ríomhtar an glanchostas úis ar an nglandliteanas sochair sainithe tríd an nglandliteanas sochair sainithe a iolrú faoin ráta lascaine (an dá cheann acu sin mar a ríomhtar iad ag tús na bliana airgeadais, ag cur san áireamh aon athruithe sa ghlandliteanas sochair sainithe i rith na bliana airgeadais mar thoradh ar ranníocaíochtaí agus íocaíochtaí sochair). Aithnítear an glanchostas úis seo sa chuntas brabúis agus cailteanais agus cuirtear i láthair é mar chuid de 'ús iníoctha agus muirir chomhchosúla'.

Aithnítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn as coigeartuithe ceannaithe agus athruithe ar bhoinn tuisceana achtúireacha in ioncam cuimsitheach eile. Cuirtear na méideanna sin, in éineacht leis an toradh ar shócmhainní an phlean lúide an t-ioncam úis ar shócmhainní an phlean a áirítear sa ghlanchoostas úis, i láthair mar 'atomhas ar ghlandliteanas sochair sainithe' in ioncam cuimsitheach eile.

### Airgeadra coigríche

#### (i) *Airgeadra chur i láthair agus feidhmeach*

Is é an Euro, a ainmnítear leis an gcomhartha "€", airgeadra chur i láthair feidhmeach agus an ghrúpa.

#### (ii) *Idirbhearta agus iarmhéideanna*

Déantar idirbhearta in airgeadra eachtrach a aistriú isteach san airgeadra feidhmeach ag úsáid na spotrátaí malairte amhail dátaí na n-idirbheart.

Aistrítear míreanna airgid in airgeadra eachtrach a aistriú chuig € ag úsáid an ráta reatha ag deireadh gach tréimhse. Aistrítear míreanna nach airgead iad, a thomhaistear ag an gcostas stairiúil, ag úsáid an ráta malairte ag dáta an idirbhirt agus tomhaistear míreanna nach airgead iad, a thomhaistear ag luach cóir, ag úsáid an ráta malairte amhail an dáta a cinneadh an luach cóir.

Sa ráiteas ioncaim a aithnítear gnóthachain agus cailteanais um malairt eachtrach a tharlaíonn de bharr idirbhearta a shocrú agus de bharr rátaí malairte sócmhainní agus dliteanais airgeadais a ainmnítear in airgeadraí eachtracha ag deireadh tréimhse a aistriú.

Is sa chuntas brabúis agus cailteanais laistigh de 'costais riaracháin' a chuirtear gnóthachan agus cailteanas um malairt eachtrach i láthair.

### Dáileacháin ar scairshealbhóirí cothromais

Is sna ráitis airgeadais a aithnítear díbhinní ar scaireanna cothromais nuair a bhíonn siad ceadaithe nó údaraithe go cuí ag na scairshealbhóirí agus nuair nach bhfuil siad faoi rogha an chomhlachta níos mó. Aithnítear na díbhinní eatramhacha a dhearbhaíonn na stiúrthóirí tráth a ndearbhaithe.

Aithnítear díbhinní agus dáileacháin eile ar scairshealbhóirí an chomhlachta mar dhliteanas sa ráitis airgeadais sa tréimhse ina gceadaíonn scairshealbhóirí an chomhlachta na díbhinní agus na dáileacháin eile. Aithnítear na méideanna sin sa ráiteas ar athruithe ar chothromas.

## BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - ar lean

### Cáin Ioncaim

Tá costas cháin ioncaim don bhliain comhdhéanta den cháin reatha agus iarchurtha a aithnítear sa tréimhse tuairiscithe. Aithnítear cáin ioncaim sa chuntas brabúis agus caillteanais, ach amháin an méid a bhaineann sí le míreanna a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcothromas. Sa chás seo, aithnítear cáin in ioncam cuimsitheach eile nó go díreach i gcothromas faoi seach.

Ní dhéantar lascaire ar shócmhainní cánacha reatha ná iarchurtha.

#### (i) Cáin reatha

Is ionann cáin reatha agus an méid cánach ioncaim is iníoctha i ndáil leis an mbrabús inchánach do bhliain, nó do bhlianta roimhe sin. Ríomhtar cáin ar bhonn rátaí cánach agus dlíthe atá achtaithe nó achtaithe go substainteach faoi dheireadh na tréimhse. Déanann an bhainistíocht measúnú tréimhsiúil ar an seasamh a thógtar i dtuairisceáin chánach maidir le cásanna ina mbíonn an rialáil chánach infheidhme faoi réir ag léirmhíniú. Bunaítear soláthar nuair is cúí ar bhonn na méideanna atáthar ag súil a íocfar leis na húdaráis chánach.

#### (ii) Cáin iarchurtha

Eascraíonn cáin iarchurtha as difríochtaí uainiúcháin, is é sin, difríochtaí idir brabúis inchánach agus an t-ioncam cuimsitheach iomlán mar a luaitear sna ráitis airgeadais iad. Eascraíonn na difríochtaí uainiúcháin seo as ioncam agus costais a chur san áireamh i measúnuithe cánach i dtréimhsí nach iad na tréimhsí ina n-aithnítear iad i ráitis airgeadais.

Aithnítear cáin iarchurtha ar gach difríocht uainiúcháin amhail an dáta tuairiscithe ach amháin i ndáil le heisceachtaí áirithe. Ní aithnítear caillteanais chánach neamhfhaoisimh agus sócmhainní cánach iarchurtha eile ach amháin nuair is dócha go n-aisghabhálfar iad in aghaidh chúlú dliteanas cánach iarchurtha nó brabúis inchánach eile sa todhchaí.

Tomhaistear cáin iarchurtha ag úsáid rátaí cánach agus dlíthe atá achtaithe nó achtaithe go substainteach faoi dheireadh na tréimhse agus a bhfuiltear ag súil a mbeidh feidhm leo maidir le cúlú na difríochta uainiúcháin.

### Sócmhainní seasta inláimhsithe

Iompraítear sócmhainní seasta inláimhsithe agus déantar iad a thairfead ag costas lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe fabhruithe. Áirítear ar chostas táillí dlíthiúla, dleacht stampála agus cánacha ceannaigh neamh-in-aisíoctha eile, chomh maith le haon chostas is inchurtha go díreach leis an tsócmhainn a thabhairt chuig an láthair agus aon choinníoll is gá le go mbeidh sí in ann feidhmiú sa tslí a bhí ar intinn ag an mbainistíocht, lena n-áirítear costais chun an láthair a ullmhú, seachadadh agus láimhseáil, suiteáil agus cur le chéile agus feidhmiúlacht a thástáil.

Gearrtar dímheas ar bhonn na líne díri ag rátaí a ríomhtar chun costas gach aon sócmhainn a dhíscríobh, lúide luach iarmharach measta, thar thréimhse a saolré eacnamaíoch fhónta mar seo a leanas:-

Talamh agus Foirgnimh	50 bliain
Innealra	5 bliain
Fearais agus Troscán	10 bliain
Mótarfheithicíl	5 bliain

Ní dhímheastar talamh ruílse.

### BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - ar lean

#### Scaireanna staileanna agus stoc póraithe

Cuirtear infheistíochtaí láir agus staile ar teachtadh an ghraí san áireamh i sócmhainní dochta ar a luach lúide dímheas carntha faoi réir ag aon soláthar le haghaidh laghdú buan ar luach. Tosaíonn dímheas ar staileanna agus ar scaireanna staileanna sa bhliain ina mbíonn an chéad chlúdach agus tá sé beartaithe an costas a dhíscríobh mar seo a leanas:

Bliain 1 go 3

20% i ngach bliain

Bliain 4 go 7

10% i ngach bliain

Faoi réir go ndíscríobhtar ina iomlán na staileanna roimh dheireadh a seachtú bliain sa ghraí.

Tosaíonn dímheas láracha síolraíochta sa bhliain tar éis an chéad chlúdaigh. Tá sé beartaithe na láracha síolraíochta ar fad a dhímheas go hiomlán ar bhonn na líne díri ina iomláine roimh dheireadh a ndódhéagú bliain saoil ag tógáil ionchais saoil agus torthúlachta agus inmharthanacht tráchtála san áireamh.

I gcás aon ainmhí atá níos sine ná 12 bhliain nuair a cheannaítear é, déanfar iad a dhímheas le linn na gceithre bliana ón gcéad bhliain iomlán úinéireachta faoi réir a bheith dímheasta go hiomlán ag 20 bliain d'aois.

#### Airgead tirim agus coibhéisí airgid

Áirítear ar airgead tirim agus coibhéisí airgid airgead ar láimh, taiscí atá á sealbhú le bainc agus infheistíochtaí an-leachtacha, gearrthéarmacha eile lena mbaineann aibíochtaí bunaidh trí mhí nó níos lú. Léirítear rótharraingtí bainc in iasachtaí i ndlíteanais reatha. Tomhaistear airgead tirim agus coibhéisí airgid ag praghas an idirbhirt ar dtús agus ansin tomhaistear iad ag costas amúchta.

#### Stoic

Luaitear stoic atá comhdhéanta d'earraí le hathdhíol, bróisiúir agus mapaí, soláthairtí feirme agus stoc fólaíochta ag an gcostas is ísle de chostas agus praghas measta díolacháin lúide costais maidir le díol. Aithnítear stoic mar chostas i rith na bliana airgeadais a bhfuil an t-ioncam gaolmhar aitheanta.

Ríomhtar an costas ag baint úsáide as an modh isteach i dtosach, amach i dtosach (FIFO). Áirítear sa phraghas an praghas ceannaigh, lena n-áirítear cánacha agus dleachtanna agus costais iompair agus láimhseála atá inchurtha go díreach chun an stoc a thabhairt chuig a láthair agus a riocht reatha.

Déantar measúnú maidir le lagú ar stoic ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe. Sá chás go mbíonn lagú ar mhír stoic, laghdaítear an stoc aitheanta go dtí a phraghas díolacháin lúide costais maidir lena dhíol agus aithnítear muirear lagaithe sa chuntas brabúis agus cailleanais. Sa chás go n-aithnítear cúlú ar an lagú, cúláítear an muirear laige, suas go dtí an cailleanas laige bunaidh agus aithnítear é mar chreidmheas sa chuntas brabúis agus cailleanais.

#### Táille ainmniúcháin

Is sa stoc fólaíochta a áirítear an costas nó glanluach inréadaithe táillí ainmniúcháin maidir le láracha le searrach acu. Beidh an táille ainmniúcháin inchurtha ina leith i mbliain breithe searraigh úsáidte chun praghas costais stoic an tsearraigh a bhunú. Nuair a cheannaítear láir le searrach, úsáidtear an táille ainmniúcháin fógartha chun costas an tsearraigh a bhunú.

#### Cuntais na sindeacáití

Déanann an comhlacht bainistiú ar roinnt sindeacáití staile dá mbailíonn agus dá ndáileann sé táillí. Ní dhéileáiltear leis na hairgid sin sna ráitis airgeadais a mhéid a bhaineann siad le tríú páirtí.

#### Deontais

Déantar ioncam deontais a aithint nuair: 1) atá teidlíocht ann don deontas, 2) atáthar ionann is cinnte go bhfaighfean an deontas agus 3) is féidir an tsuim a thomhas go leordhóthanach. Taispeántar aon deontais nach gcaitear ar an gclár comhardaithe mar chistí srianta.

Léirítear deontais chaipitil a fuarthas mar ioncam iarchurtha agus cuirtear chun sochair iad sa ráiteas ioncaim thar tréimhse a bhíonn comhionann le saol úsáideach réamh-mheasta na mbunsócmhainní le cabhair deontais.

### BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - ar lean

#### **Aitheantas ioncaim**

Is é is láimhdeachas ann an méid ioncaim a thagann ón soláthar earraí agus seirbhísí a thiteann laistigh de ghnáthghníomhaíochtaí na cuideachta nuair atá lascaíní trádála agus cáin bhreisluacha bainte as. Don ghrúpa, tá an láimhdeachas comhdhéanta den ioncam a eascraíonn ó chuid na graí ón ioncam ó shindeacáit ainmniúcháin staileanna a bhfuil sí ina ball de, táille coimeádta, fáiltais ó stoc fólaíochta a dhíol, ioncam feirme agus seirbhísí turasóireachta agus díolachán earraí gaolmhara le cuairteoirí.

Tomhaistear láimhdeachas ag luach cóir na comaoine a fuarthas nó atá le fáil agus léiríonn an méid atá infhaighte d'earraí a sholáthraítear nó do sheirbhísí a thugtar, glan ó shochair agus lascaíní atá ceadaithe ag an gcuideachta agus cánacha breisluacha.

Aithníonn an chuideachta láimhdeachas nuair (a) a aistrítear na rioscaí agus sochair ollmhóra úinéireacht na n-earraí go dtí an ceannaitheoir; (b) nach gcoinníonn an chuideachta aon bhaint bainistíochta leanúnach ná rialú éifeachtach ar na hearraí; (c) is féidir méid an láimhdeachais agus na gcostas a thomhais go cruinn; (d) gur dócha go sreabfaí sochair eacnamaíochta amach seo go dtí an t-eintiteas agus (e) atá na critéir shonracha a bhaineann le gach ceann de chainéil díolacháin na cuideachta sásaithe, mar atá cur síos orthu thíos.

#### *Aitheantas ar ioncam ó shindeacáit staile*

Déantar dáiltí shindeacáit staile, ó shindeacáití seachas iad siúd atá á mbainistiú ag Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann, a chuntasú sa bhliain ina bhfaightear iad. Aithnítear ioncam ó shindeacáit staile, atá luaite glan ar lascaine agus ar chostais dhíreacha, nuair atá an tseirbhís curtha i gcrích. Sa chás go n-eascraíonn ioncam ó shindeacáit faoi réir ag coinníollacha áirithe á gcomhlíonadh ag dáta amach anseo, déantar soláthar do na coinníollacha sin má mheastar nach gcomhlíonfar iad.

#### *Táillí coimeádta*

Déantar táillí coimeádta a aithint agus a shonrascú sa tréimhse ina gcuirtear na seirbhísí ar fáil.

#### *Ioncam stoc fólaíochta*

Tá an t-ioncam stoc fólaíochta comhdhéanta den díolachán stoc fólaíochta. Déantar láimhdeachas a aithint ar ábhar a dhíol leis an gcustaiméir, a mheastar ansin mar an pointe seachadta.

#### *Ioncam feirme*

Tá an t-ioncam feirme comhdhéanta den díolachán stoic agus táirgí talmhaíochta a bhaintear. Déantar láimhdeachas a aithint ar ábhar a dhíol leis an gcustaiméir, a mheastar ansin mar an pointe seachadta.

#### *Cead isteach cuairteoirí*

Tá láimhdeachas ó chead isteach cuairteoirí comhdhéanta den bhallraíocht bhliantúil agus cead isteach leanúnach chuig Graí Náisiúnta na hÉireann agus na Gairdíní Seapánacha in aice láimhe. Déantar an t-ioncam sin a aithint sa bhliain airgeadais ina gcuirtear na seirbhísí ar fáil.

#### *Díolachán cuimhneachán turasóireachta*

Tá siopa miondíola á rith ag an gcomhlacht chun cuimhneacháin, bróisiúir agus léarscáileanna a dhíol. Déantar díolachán earraí a aithint ar ábhar a dhíol leis an gcustaiméir, a mheastar ansin mar an pointe seachadta.

#### *Ioncam ó ús*

Déantar ioncam úis a chur i láthair mar 'ús infhála agus ioncam comhchosúil' sa chuntas brabúis agus cailleanais.

#### **Lagú sócmhainní neamhairgeadais**

Ar dháta deiridh na bliana airgeadais déantar sócmhainní neamhairgeadais nach n-iompraítear ag luach cóir a mheas lena chinneadh cibé an bhfuil an tsócmhainn (nó aonad ginte airgid na sócmhainne) lagaithe. Má léirítear a leithéid déantar meastachán ar shuim in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad-ginte airgid na sócmhainne).

### **BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - ar lean**

Is ionann suim in-aisghabhála na sócmhainne (nó aonad ginte airgid) a luach cóir lena díol lúide costais nó a luach úsáide cibé acu is airde. Is ionann luach úsáide is an luach reatha sreabhadh airgid sa todhchaí a bhfuiltear ag súil leis ó úsáid leanúnach na sócmhainne (nó aonad ginte airgid) agus óna dhiúscairt ar deireadh. D'fhonn luach úsáide a thomhas déantar sreabhadh airgid roimh cháin agus sreabhadh airgid úis a lascainiú ag baint úsáide as ráta lascaine roimh cháin atá ionadaíoch ar ráta reatha margaidh saor ó riosca agus na rioscaí a bhaineann go sonrach leis an tsócmhainn agus nach bhfuil leasú déanta ar na meastacháin sreabhadh airgid sa todhchaí ina leith.

### **Lagú sócmhainní neamhairgeadais - ar lean**

Má tá suim in-aisghabhála na sócmhainne (nó an aonaid ginte airgid) níos lú ná suim ghlanluacha na sócmhainne (nó an aonaid ginte airgid) laghdaítear an tsuim charraeireachta go dtí an tsuim in-aisghabhála. Aithnítear an cailteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais mura bhfuil athluacháil déanta ar an tsócmhainn. Má tá athluacháil déanta ar an tsócmhainn déantar an cailteanas lagaithe a aithint in ioncam cuimsitheach eile oiread na ngnóthachain athluachála a fabhraítear i gcothromas i ndáil leis an tsócmhainn sin. Aithnítear aon farasbarr ina dhiaidh sin sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Má dhéantar cúlú ar chailteanas lagaithe (ní bhaineann na cúiseanna a bhí leis an gcaillteanas lagaithe a thuilleadh) ardaítear suim charraeireachta na sócmhainne (nó an aonaid ginte airgid) go dtí an meastachán athbhreithnithe ar shuim in-aisghabhála na sócmhainne. Ní dhéantar sin ach amháin sa chás nach bhfuil an tsuim charraeireachta athbhreithnithe níos airde ná an tsuim charraeireachta a bheadh i gceist (glan ar dhímheas) mura mbeadh aon chailteanas lagaithe aitheanta i mblianta airgeadais roimhe seo. Déantar cúlú ar lagú a aithint sa chuntas brabúis agus cailteanais mura ndéantar an tsócmhainn a iompar ag an luach athluacháilte.

### **Ionstraimí airgeadais**

Shocraigh an comhlacht glacadh le Cuid 11 agus 12 de FRS 102 maidir leis na ráitis airgeadais.

#### *(i) Sócmhainní airgeadais*

Aithnítear bunsócmhainní airgeadais, lena n-áirítear suimeanna trádála agus infhaighte, iarmhéideanna bainc agus airgid agus méideanna atá dlite ó pháirtithe gaolmhara, ag praghas an idirbhirt ar dtús mura bhfuil idirbheart airgeadais i gceist ina ndéantar an t-idirbheart a thomhas ar luach fháltais na todhchaí le lascaine ag ráta úis an mhargaidh.

Déantar sócmhainní den chineál sin a iompar ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh ráta éifeachtach úis.

Ag deireadh gach bliana tuairiscithe déantar measúnú ar shócmhainní airgeadais a thomhaistear ag costas amúchta maidir le fianaise oibiachtúil ar lagú. Má tá sócmhainn lagaithe is ionann an cailteanas lagaithe agus an difear idir a suim charraeireachta agus luach reatha an tsreafa airgid mheasta lascainithe ag bunráta éifeachtach úis na sócmhainne. Aithnítear an cailteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Má bhíonn laghdú ar an gcaillteanas lagaithe mar thoradh ar imeacht a tharlaíonn i ndiaidh an lagú a aithint déantar an lagú a chúlú. Is ionann an cúlú is gan an tsuim charraeireachta reatha a bheith níos mó ná an tsuim charraeireachta a bheadh i gceist murach gur aithníodh an lagú roimhe sin. Aithnítear an cúlú ar chailteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus cailteanais.

#### *(ii) Dlíteanais airgeadais*

Aithnítear bundlíteanais airgeadais, lena n-áirítear suimeanna trádála agus iníoctha eile agus iasachtaí bainc, ag praghas an idirbhirt ar dtús mura bhfuil idirbheart airgeadais i gceist sa socrú ina ndéantar an t-ionstraim fiachais a thomhas ar luach fháltais na todhchaí le lascaine ag ráta úis an mhargaidh.

Déantar ionstraimí fiachais den chineál sin a iompar ina dhiaidh sin ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh ráta éifeachtach úis.

Aithnítear táillí a íoctar chun saoráidí iasachta a bhunú mar chostais idirbhirt an iasachta sa mhéid is gur dóigh go dtarraingeofar anuas an tsaoráid iomlán nó cuid de. Sa chás sin, déantar an táille a chur ar athló go dtí go ndéantar an tsaoráid a tharraingt anuas. Sa mhéid is nach bhfuil aon fhianaise ann gur

## **BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA - ar lean**

dóigh go ndéanfar an iasacht a tharraingt anuas ina iomláine nó cuid de déantar an táille a chaipitliú mar réamhíocaíocht ar sheirbhísí leachtachta agus é a amúchadh thar thréimhse na saoráide lena mbaineann.

Is ionann suimeanna iníoctha trádála agus oibleagáidí íoc ar earraí agus ar sheirbhísí atá tapaithe ó sholáthróirí i ngnáthchúrsa an ghnó. Rangaítear cuntais iníoctha mar dhliteanais reatha má bhíonn íocaíocht dlite laistigh de bhliain amháin nó níos lú. Mura bhfuil, léirítear iad mar dhliteanais neamh-reatha. Aithnítear suimeanna trádála ar dtús ag praghas an idirbhirt agus ina dhiaidh sin déantar é a thomhas ag costas amúchta ag baint úsáide as an modh ráta éifeachtach úis.

Dí-aithnítear dliteanais airgeadais nuair a dhéantar an dliteanas a chur ar ceal, is é sin nuair a urscaoiltear an oibleagáid conartha, nuair a chuirtear ar ceal í nó nuair a imíonn sí in éag.

### **Scairchaipiteal arna léiriú mar chothromas**

Aithnítear scairchaipiteal eisithe mar fháltais a fuarthas. Léirítear costais incriminteacha a bhaineann go díreach le gnáthscaireanna nua nó céadroghanna a eisiúint i gcothromas mar asbhaint, glan ar cháin, as na fáltais.

**CUNTAS BRABÚIS AGUS CAILLTEANAIS AN GHRÚPA  
Don Bhliain Airgeadais dar Críoch 31 Nollaig 2020**

	Nóta	2020 €	2019 €
Láimhdeachas	2	6,716,521	7,165,842
Caiteachas riaracháin		<u>(7,059,482)</u>	<u>(6,370,238)</u>
<b>Brabús oibríochta/(caillteanais)</b>		(342,961)	795,604
Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla	3	(42,004)	(38,252)
Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil	3	<u>5</u>	<u>15</u>
<b>(Cailteanas)/brabús roimh cháin</b>	4	(384,960)	757,367
Creidmheas cánach/(costas) ar chailteanas/brabús	6	<u>34,809</u>	<u>(35,209)</u>
<b>(Cailteanas)/brabús don bhliain airgeadais</b>		<u>(350,151)</u>	<u>722,158</u>



**RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH  
Don Bhliain Airgeadais dar Críoch 31 Nollaig 2020**

	Nóta	2020 €	2019 €
(Cailteanas)/brabús don bhliain airgeadais		(350,151)	722,158
<b>Ioncam/(costas) cuimsitheach eile:</b>			
Atomhas ar ghlan-dhliteanas sochair sainithe	21	<u>31,000</u>	<u>(43,000)</u>
<b>Iomlán an (chostais)/ioncaim chuimsithigh don bhliain airgeadais</b>		<u>(319,151)</u>	<u>679,158</u>

**CLÁR COMHARDAITHE AN GHRÚPA**  
**Amhail 31 Nollaig 2020**

	Nóta	2020 €	2019 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Sócmhainní inláimhsithe	7	12,609,539	11,893,427
Scaireanna staileanna agus stoc póraithe	8	3,378,920	3,775,918
		<u>15,988,459</u>	<u>15,669,345</u>
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Stoic	10	1,849,788	1,504,284
Féichiúnaithe	11	5,015,589	4,145,711
Airgead sa bhanc agus ar láimh		2,848,848	4,691,206
		<u>9,714,225</u>	<u>10,341,201</u>
<b>Creidiúnaithe - Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</b>	12	<u>(2,365,075)</u>	<u>(3,277,416)</u>
<b>Glansócmhainní reatha</b>		<u>7,349,150</u>	<u>7,063,785</u>
<b>Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha</b>		23,337,609	22,733,130
<b>Creidiúnaithe - méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin</b>	13	(2,980,116)	(1,978,486)
Soláthar i leith na hoibleagáide sochair iarfhostaíochta	21	<u>(643,000)</u>	<u>(721,000)</u>
<b>Glansócmhainní</b>		<u>19,714,493</u>	<u>20,033,644</u>
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite arna léiriú mar chothromas	15	13,768,724	13,768,724
Cuntas brabúis agus caillteanais		<u>5,945,769</u>	<u>6,264,920</u>
<b>Cothromas iomlán</b>		<u>19,714,493</u>	<u>20,033,644</u>

Cheadaigh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 30 Márta 2021 agus síníodh iad thar ceann an Bhoird ag:

**M Dempsey**  
**Stiúrthóir**

**S Boyle**  
**Stiúrthóir**

**E Looney**  
**Rúnaí an Chomhlachta**

**CLÁR COMHARDAITHE NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA  
Don Bhliain Airgeadais dar Críoch 31 Nollaig 2020**

	Nóta	2020 €	2019 €
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Sócmhainní inláimhsithe	7	12,554,698	11,847,076
Scaireanna staileanna agus stoc póraithe	8	3,378,920	3,775,918
Sócmhainní Airgeadais	9	1	1
		<u>15,933,619</u>	<u>15,622,995</u>
<b>Sócmhainní reatha</b>			
Stoic	10	1,804,988	1,468,189
Féichiúnaithe	11	5,375,662	4,500,690
Airgead sa bhanc agus ar láimh		<u>2,672,131</u>	<u>4,118,252</u>
		9,852,781	10,087,131
<b>Creidiúnaithe - Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</b>	12	<u>(2,343,941)</u>	<u>(3,210,377)</u>
<b>Glansócmhainní reatha</b>		<u>7,508,840</u>	<u>6,876,754</u>
<b>Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha</b>		23,442,459	22,499,749
<b>Creidiúnaithe - méideanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin</b>	13	(2,980,116)	(1,978,486)
Soláthar i leith na hoibleagáide sochair iarfhostaíochta	21	<u>(643,000)</u>	<u>(721,000)</u>
<b>Glansócmhainní</b>		<u>19,819,343</u>	<u>19,800,263</u>
<b>Caipiteal agus Cúlchistí</b>			
Scairchaipiteal glaoite arna léiriú mar chothromas	15	13,768,724	13,768,724
Cuntas brabúis agus cailteanais		<u>6,050,619</u>	<u>6,031,539</u>
<b>Cothromas iomlán</b>		<u>19,819,343</u>	<u>19,800,263</u>

Tá cailteanas €11,920 (2019: brabús €488,777) tugtha laistigh de ráitis airgeadais na máthairchuideachta. Níor ullmhaíodh cuntas ar leith brabúis agus cailteanais don mhathairchomhlacht mar gur comhlíonadh na coinníollacha atá leagtha síos in Alt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Cheadaigh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 30 Márta 2021 agus síníodh iad thar ceann an Bhoird ag:

**M Dempsey**  
Stiúrthóir

**S Boyle**  
Stiúrthóir

**E Looney**  
Rúnaí an Chomhlachta

**RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE hATHRUITHE AR CHOTHROMAS  
Don Bhliain Airgeadais dar Críoch 31 Nollaig 2020**

	Scairchaipeat al glaioite arna léiriú mar chothromas €	Cuntas brabúis agus caillteanais €	Iomlán €
<b>Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019</b>	13,768,724	5,585,762	19,354,486
Brabús don bhliain airgeadais	-	722,158	722,158
<b>Costas cuimsitheach eile don bhliain:</b>			
Atomhas ar ghlan-dhliteanas pinsin sainithe	-	(43,000)	(43,000)
<b>Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain:</b>	-	679,158	679,158
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019</b>	<u>13,768,724</u>	<u>6,264,920</u>	<u>20,033,644</u>
<b>Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020</b>	13,768,724	6,264,920	20,033,644
Cailteanas don bhliain airgeadais	-	(350,151)	(350,151)
<b>Ioncam cuimsitheach eile don bhliain:</b>			
Atomhas ar ghlan-dhliteanas pinsin sainithe	-	31,000	31,000
<b>Iomlán an Chaiteachais Chuimsithigh don bhliain:</b>	-	(319,151)	(319,151)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020</b>	<u>13,768,724</u>	<u>5,945,769</u>	<u>19,714,493</u>

**RÁITEAS NA MÁTHAIRCHUIDEACHTA MAIDIR LE HATHRUITHE AR CHOTHROMAS  
Don Bhliain Airgeadais dar Críoch 31 Nollaig 2020**

	Scairchaipiteal glaite arna léiriú mar chothromas €	Cuntas brabúis agus cailteanais €	Iomlán €
<b>Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019</b>	13,768,724	5,585,762	19,354,486
Brabús don bhliain airgeadais	-	488,777	488,777
<b>Costas cuimsitheach eile don bhliain:</b>			
Atomhas ar ghlan-dhliteanas pinsin sainithe	-	(43,000)	(43,000)
<b>Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain:</b>	-	445,777	445,777
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019</b>	<u>13,768,724</u>	<u>6,264,920</u>	<u>20,033,644</u>
<b>Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2020</b>	13,768,724	6,031,539	19,800,263
Cailteanas don bhliain airgeadais	-	(11,920)	(11,920)
<b>Ioncam cuimsitheach eile don bhliain:</b>			
Atomhas ar ghlan-dhliteanas pinsin sainithe	-	31,000	31,000
<b>Iomlán an Ioncaim Chuimsithigh don bhliain:</b>	-	19,080	19,080
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2020</b>	<u>13,768,724</u>	<u>6,050,619</u>	<u>19,819,343</u>

**RÁITEAS AN GHRÚPA MAIDIR LE SREABHADH AIRGID  
Don Bhliain Airgeadais dar Críoch 31 Nollaig 2020**

	Nóta	2020 €	2019 €
<b>Airgead tirim (arna úsáid in)/ó oibríochtaí</b>	16	(1,591,520)	312,376
Cáin a íocadh		(400)	-
<b>Glan-airgead tirim a gineadh ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>		<u>(1,591,920)</u>	<u>312,376</u>
<b>Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta</b>			
Íocaíochtaí chun scaireanna staileanna agus stoc póraithe a cheannach		(835,844)	(1,571,948)
Fáltais ó dhíol scaireanna staileanna agus stoc póraithe		691,932	2,064,156
Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a cheannach		(1,103,833)	(2,882,271)
Ús faighte		5	15
<b>Glan-airgead tirim a úsáideadh i ngníomhaíochtaí airgeadais</b>		<u>(1,247,740)</u>	<u>(2,390,048)</u>
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe</b>			
Deontas a fuarthas		1,200,046	709,487
Iasachtaí ón bhanc a íocadh ar ais		(160,740)	(158,417)
Ús a íocadh		(42,004)	(38,252)
<b>Glan-airgead tirim a gineadh ó ghníomhaíochtaí maoinithe</b>		<u>997,302</u>	<u>512,818</u>
<b>Glan laghdú in airgead tirim sa bhanc agus in airgead ar láimh</b>		(1,842,358)	(1,564,854)
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana</b>		<u>4,691,206</u>	<u>6,256,060</u>
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana</b>		<u>2,848,848</u>	<u>4,691,206</u>
<b>Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid comhdhéanta de:</b>			
Airgead sa bhanc agus ar láimh		2,848,848	4,691,206
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid</b>		<u>2,848,848</u>	<u>4,691,206</u>

## NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA

### 1 Gnóthas Leantach

Tá cailteanas tar éis cánach €350,151 ag an ngrúpa don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2020 (2019: brabús €722,158). Áirítear sa chailteanas don bhliain muirear dímheasa €1,211,425 (2019: €989,713), bhí brabús roimh dhímheas €826,465 ag an ngrúpa (2019: €1,747,080). I bhfianaise ráig COVID-19 tá breithniú déanta ag an mbainistíocht cibé an bhfuil an gnóthas leantach ar bhonn tuisceana cuí ag an tráth seo nó nach bhfuil agus cibé an bhfuil neamhchinnteachtaí ábhartha ann a d'fhéadfadh amhras a tharraingt ar chumas an ghrúpa leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach nó nach bhfuil. Nuair a déanadh cinneadh ar cibé an bhfuil an gnóthas leantach ar bhonn tuisceana cuí ag an tráth seo, nó nach bhfuil, rinne na stiúrthóirí athbhreithniú ar réamh-mheastacháin sreabhaidh airgid an ghrúpa agus ar shaoráidí bainc an ghrúpa don 12 mhí amach romhainn go dtí Aibreán 2022. Breithníonn na stiúrthóirí go bhfuil bunús an ghnóthais leantaigh oiriúnach de bharr bhunús láidir sócmhainne an ghrúpa agus ábaltacht an ghrúpa an sreabhadh airgid a bhainistiú lena n-áirítear caiteachas lánroghnach agus saoráidí rótharraingte tiomanta a chur ar fionraí. Ní áirítear sna ráitis airgeadais aon choigeartuithe ar an tsuim ghlanluacha ná rangú sócmhainní agus na ndlíteanas a thiocthadh chun cinn mura mbeadh an grúpa in ann leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

2 Láimhdeachas an Ghrúpa	2020 €	2019 €
<b>Anailís de réir gníomhaíochta</b>		
Graí agus feirm	6,179,612	5,731,045
Turasóireacht	536,909	1,434,797
	<u>6,716,521</u>	<u>7,165,842</u>

Thug INS Commercial Enterprises DAC, fochuideachta ar lánúinéireacht, faoi gach gníomhaíocht a bhaineann le turasóireacht in 2020. I bPoblacht na hÉireann a rinneadh an láimhdeachas ar fad a thuilleamh.

3 Glan-úschostais	2020 €	2019 €
<b>Ús infhaighte agus ioncam comhchosúil</b>		
Ús bainc faighte	5	15
<b>Iomlán ús infhaighte agus ioncam chomhchosúil</b>	<u>5</u>	<u>15</u>
<b>Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla</b>		
Ús iníoctha ar rótharraingtí agus iasachtaí bainc	(21,407)	(22,742)
Muirir eile bainc	(13,597)	(2,510)
Ús ar léas airgeadais	-	-
Glan-chaitheachas úis ar shochair iarfhostaíochta	(7,000)	(13,000)
<b>Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla</b>	<u>(42,004)</u>	<u>(38,252)</u>
<b>Glan-úschostais</b>		
Ús infhaighte agus ioncam dá shamhail	5	15
Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla	(42,004)	(38,252)
<b>Glan-úschostais</b>	<u>(41,999)</u>	<u>(38,237)</u>

**NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA- ar lean**

<b>4 (Cailteanas)/brabús oibriúcháin an ghrúpa</b>	2020	2019
	€	€
Aithnítear an caiteachas /(ioncam) oibriúcháin seo a leanas:		
Gnóthachan/(cailteanas) airgeadra coigríche	1,269	(700)
Amúchadh deontais	(10,000)	(10,000)
Ioncam deontais	(15,000)	-
Cailteanas i leith lagú - féichiúnaithe trádála	615,464	361,174
Brabús ar shócmhainní a dhiúscairt	(197,794)	(1,250,958)
Dímheas ar shócmhainní inláimhsithe, scaireanna staileanna agus stoc póraithe	1,211,425	989,713
Luach saothair an Iníúcháin	36,900	35,670
Comhlíontacht cánach	<u>4,256</u>	<u>4,157</u>
<b>Áirítear iad seo a leanas ar chostais chomhairleoireachta le linn na bliana:</b>		
Dlí agus gairmiúil	<u>71,141</u>	<u>62,141</u>
<b>5 Fostaithe agus stiúrthóirí</b>	2020	2019
	Líon	Líon
<b>Fostaithe</b>		
Ba é an meánlíon daoine a bhí fostaithe ag an ngrúpa le linn na bliana airgeadais ná:		
Lán-aimseartha	50	47
Séasúrach (comhionann lán-aimseartha)	<u>3</u>	<u>7</u>
	<u>53</u>	<u>54</u>
	2020	2019
	€	€
Tá costais foirne comhdhéanta de:		
Pá agus tuarastail	2,046,485	2,202,940
Costais árachais shóisialta	209,780	237,902
Costais eile foirne	3,580	3,340
Costais eile i leith sochair scoir	8,532	8,532
Costais scéimeanna pinsin ranníocaíochta sainithe	<u>83,316</u>	<u>89,563</u>
Costais foirne	<u>2,351,693</u>	<u>2,542,277</u>
<b>Stiúrthóirí</b>		
Luach saothair	<u>67,250</u>	<u>65,250</u>



**NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA- ar lean**

<b>5 Fostaithe agus stiúrthóirí - ar lean</b>	2020	2019
	€	€
Ranníocaíochta i scéimeanna sochair scoir:		
- Scéim sochair shainithe	-	-

**Costais taistil agus cothabhála**

Déantar caiteachas taistil agus cothabhála a chatagóiriú mar seo a leanas:

*In Éirinn:*

An Bord	800	574
Fostaithe	18,896	26,006

*Idirnáisiúnta:*

An Bord	-	-
Fostaithe	23,631	25,216

**Iomlán**

43,327	51,796
--------	--------

**Caiteachas fáilteachais**

Áirítear an caiteachas seo a leanas ar chaiteachas fáilteachais

Fáilteachas foirne	31,484	38,517
Fáilteachas cliant	9,806	11,475

**Iomlán**

41,290	49,992
--------	--------

**Cúiteamh don príomhbhainistíocht**

Áirítear ar an bpríomhbhainistíocht na stiúrthóirí agus an Príomhfheidhmeannach. Léirítear thíos an cúiteamh a íocadh nó atá iníoctha leis an bpríomhbhainistíocht i leith seirbhísí fostaithe.

	2020	2019
	€	€
<b>An Príomhfheidhmeannach:</b>		
Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha eile	110,568	110,568
Sochair iarfhostaíochta	27,500	27,500
Cúiteamh iomlán leis an bpríomhbhainistíocht	138,068	138,068

Nochtar táillí na stiúrthóirí i dTuairisc na Stiúrthóirí.

**Sochair ghearrthéarmacha fostaithe**

De réir an Chóid, ní nochtann Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe Chomhlacht Graí Náisiúnta na hÉireann mionsonraí faoi shochair ghearrthéarmacha fostaithe os cionn €50,000 i mbandaí €25,000 de bharr íogaireacht ó thaobh tráchtála a bheith ag baint leis an bhfaisnéis sin. Tá an t-athrú seo ón gCód comhaontaithe leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

**NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA- ar lean**

<b>6 Cáin Ioncaim</b>	2020	2019
	€	€
<b>(Creidmheas)/costas cánach á n-áirítear i gcuntas brabúis agus caillteanais</b>		
Cáin reatha:		
Cáin chorparáide na hÉireann ar chailteanas/bhrabús don bhliain airgeadais	400	35,209
Ró-sholáthar i ndáil leis an mbliain roimhe	<u>(35,209)</u>	<u>-</u>
<b>(Creidmheas)/costas reatha cánach don bhliain airgeadais</b>	<u><b>(34,809)</b></u>	<u><b>35,209</b></u>
 <b>(Creidmheas)/costas cánach a réiteach</b>		
Tá an cháin a ndearnadh measúnú uirthi éagsúil ón ngnáthráta cánach corparáide 12.5% i bPoblacht na hÉireann don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020 (2019: 12.5%). Tá na difríochtaí mínithe thíos:		
	2020	2019
	€	€
 (Cailteanas)/brabús roimh cháin	<u>(384,960)</u>	<u>757,367</u>
 (Cailteanas)/brabús méadaithe faoin ngnáthráta cánach corparáide 12.5% i bPoblacht na hÉireann don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2020 (2019: 12.5%)	(48,120)	94,671
 Tionchair de:		
Gan caiteachas a bheith inasbhainte chun críocha cánach	76,748	54,272
Cáin gearrtha ar ioncam ag ráta níos airde	649	1,064
Cáin Ioncaim iarchoimeádta	400	400
Ró-sholáthar i ndáil leis an mbliain roimhe	(35,209)	-
Dímheas de bhreis ar liúntais chaipitiúla	43,312	23,498
Cailteanais a úsáideadh sa bhliain.	(112,405)	(126,264)
Míreanna réitithe eile	<u>(39,816)</u>	<u>(12,432)</u>
<b>(Creidmheas)/costas cánach ar chailteanas/brabús</b>	<u><b>(34,809)</b></u>	<u><b>35,209</b></u>

NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA- ar lean

7 Sócmhainní inláimhsithe	Talamh agus foirgnimh €	Innealra agus troscán €	Mótar Feithiclí €	Iomlán €
<b>Grúpa Costas</b>				
Amhail an 1 Eanáir 2020	14,716,491	6,454,466	544,093	21,715,050
Suimeanna Breise	934,720	184,915	-	1,119,635
Amhail an 31 Nollaig 2020	<u>15,651,211</u>	<u>6,639,381</u>	<u>544,093</u>	<u>22,834,685</u>
<b>Dímheas carntha</b>				
Amhail an 1 Eanáir 2020	4,153,593	5,240,774	427,256	9,821,623
Muirear don bhliain	152,323	221,219	29,981	403,523
Amhail an 31 Nollaig 2020	<u>4,305,916</u>	<u>5,461,993</u>	<u>457,237</u>	<u>10,225,146</u>
<b>Suim ghlanluacha</b>				
Amhail an 31 Nollaig 2020	<u>11,345,295</u>	<u>1,177,388</u>	<u>86,856</u>	<u>12,609,539</u>
Amhail an 31 Nollaig 2019	<u>10,562,898</u>	<u>1,213,692</u>	<u>116,837</u>	<u>11,893,427</u>
<b>Cuideachta Costas</b>				
Amhail an 1 Eanáir 2020	14,716,491	6,402,936	544,093	21,663,520
Suimeanna Breise	934,720	169,113	-	1,103,833
Amhail an 31 Nollaig 2020	<u>15,651,211</u>	<u>6,572,049</u>	<u>544,093</u>	<u>22,767,353</u>
<b>Dímheas carntha</b>				
Amhail an 1 Eanáir 2020	4,153,593	5,235,595	427,256	9,816,444
Muirear don bhliain	152,323	213,907	29,981	396,211
Amhail an 31 Nollaig 2020	<u>4,305,916</u>	<u>5,449,502</u>	<u>457,237</u>	<u>10,212,655</u>
<b>Suim ghlanluacha</b>				
Amhail an 31 Nollaig 2020	<u>11,345,295</u>	<u>1,122,547</u>	<u>86,856</u>	<u>12,554,698</u>
Amhail an 31 Nollaig 2019	<u>10,562,898</u>	<u>1,167,341</u>	<u>116,837</u>	<u>11,847,076</u>

**NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA- ar lean**

<b>8 Scaireanna staileanna agus stoc póraithe</b>	2020	2019
	€	€
<b>Grúpa agus cuideachta</b>		
<b>Costas</b>		
Amhail an 1 Eanáir	9,763,840	9,456,686
Suimeanna Breise	835,844	1,571,948
Diúscairtí	(482,696)	(1,264,794)
	<u>10,116,988</u>	<u>9,763,840</u>
<b>Dímheas carntha</b>		
Amhail an 1 Eanáir	5,987,922	5,939,352
Muirear don bhliain	807,902	554,167
A bhaineann le diúscairtí	(57,756)	(505,597)
Amhail an 31 Nollaig	<u>6,738,068</u>	<u>5,987,922</u>
<b>Suim ghlanluacha</b>		
Amhail an 31 Nollaig	<u>3,378,920</u>	<u>3,775,918</u>
<b>9 Sócmhainní airgeadais</b>	2020	2019
	€	€
<b>Cuideachta</b>		
<b>Costas nó luacháil</b>		
Infheistíocht maidir le gnóthais fochuideachta (nóta i)	<u>1</u>	<u>1</u>

Is ionann an soláthar carntha le haghaidh laghdú ar luach i ndáil le sócmhainní airgeadais agus €Nialas (2019: €Nialas).

**(i) Infheistíocht maidir le gnóthas fochuideachta**

Tugtar sonraí ar Infheistíocht maidir le gnóthas fochuideachta thíos:

**INS Commercial Enterprises DAC**

Is leis an gcomhlacht 100% den leas in INS Commercial Enterprises, comhlacht atá corpraithe in Éirinn, agus is i dTulaigh, Cill Dara, Éire atá oifig chláráithe an chomhlachta. Tá INS Commercial Enterprises freagrach as gníomhaíochtaí go léir an ghrúpa a bhaineann le turasóireacht.

<b>10 Stoic</b>	2020	2019
	€	€
<b>Grúpa</b>		
Stoic folaíochta	1,717,138	1,367,224
Tomhaltáin	132,650	137,060
	<u>1,849,788</u>	<u>1,504,284</u>
<b>Cuideachta</b>		
Stoic folaíochta	1,717,138	1,367,224
Tomhaltáin	87,850	100,965
	<u>1,804,988</u>	<u>1,468,189</u>

Ní sháraíonn costas athsholáthair na bhfardal méideanna atá sa ráiteas maidir le staid airgeadais.

**NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA- ar lean**

<b>11 Féichiúnaithe</b>	2020	2019
	€	€
<b>Grúpa</b>		
Féichiúnaithe trádála	4,601,650	3,377,940
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhruithe	413,939	767,771
	<u>5,015,589</u>	<u>4,145,711</u>
<b>Cuideachta</b>		
Féichiúnaithe trádála	4,577,026	3,362,091
Méideanna atá dlite ó ghnóthais fochuideachta	387,126	391,645
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhruithe	393,588	746,954
	<u>5,357,740</u>	<u>4,500,690</u>

Luaitear féichiúnaithe trádála an ghrúpa agus an chomhlachta i ndiaidh soláthar €1.4m do lagú (2019: €2.1m) (féach nóta 23 don bhunús a bhí leis an soláthar a chinneadh).

Tá na méideanna a léirítear thuas ar fad dlite laistigh de bhliain amháin.

Tá na méideanna atá dlite ó ghnóthais fochuideachta neamhurráithe, saor ó ús agus níl aon dáta seasta aisíochta i gceist leo mar sin inaisíochta ar éileamh.

<b>12 Creidiúnaithe – Méideanna dlite laistigh de bhliain amháin</b>	2020	2019
	€	€
<b>Grúpa</b>		
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	1,334,565	2,565,319
Ceannach folaíochta	717,767	111,419
ÍMAT/ÁSPC	70,873	62,036
CBL	25,544	109,174
Ioncam iarchurtha (nóta 15)	10,000	10,000
Cáin shiarchoinneálach	4,239	179,848
Íasacht bainc (nóta 13)	202,087	204,411
Cáin Chorparáide	-	35,209
	<u>2,365,075</u>	<u>3,277,416</u>
<b>Cuideachta</b>		
Creidiúnaithe trádála agus fabhruithe	1,314,666	2,538,986
Ceannach folaíochta	717,767	111,419
ÍMAT/ÁSPC	70,873	62,036
CBL	25,857	102,825
Ioncam iarchurtha (nóta 15)	10,000	10,000
Cáin shiarchoinneálach	2,691	179,848
Íasacht bainc (nóta 13)	202,087	204,411
Cáin Chorparáide	-	852
	<u>2,343,941</u>	<u>3,210,377</u>

Tá na méideanna a léirítear thuas ar fad dlite laistigh de bhliain amháin.

Tá creidiúnaithe trádála agus eile iníochta ar dhátaí éagsúla sna trí mhí atá ag teacht de réir ghnáththéarmaí creidmheasa soláthraithe.

Tá cáin agus árachas sóisialta inaisíochta ar dhátaí éagsúla sna míonna atá ag teacht de réir na bhforálacha reachtúla atá infheidhme.

**NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA- ar lean**

<b>13 Creidiúnaithe - méideanna a bheidh dlite i ndiaidh bliana</b>	2020	2019
	€	€
<b>Grúpa agus cuideachta</b>		
iasacht bainc	999,775	1,160,515
Lúide: méid iníoctha laistigh de bhliain amháin (nóta 12)	(202,087)	(204,411)
Ioncam iarchurtha (nóta 15)	2,092,428	902,382
Creidiúnaithe eile	90,000	120,000
	<u>2,980,116</u>	<u>1,978,486</u>
<b>Aibíocht Iasachta Bainc</b>		
I mbliain amháin nó níos lú, nó de réir éilimh	202,087	204,411
I níos mó ná bliain amháin, ach tráth nach faide ná dhá bliain	181,414	181,414
I níos mó ná dhá bliain, ach tráth nach faide ná cúig bliana	544,242	544,242
I mbreis is cúig bliana	72,032	230,448
	<u>999,775</u>	<u>1,160,515</u>

Bhain an iasacht le Strawhall a cheannach in 2004. Ba é téarma bunaidh na hiasachta ná 25 bliain. Cheadaigh na ranna rialtais iomchuí an iasacht a bhfuil ráta seasta úis 1.71% ag dul léi.

<b>14 Scairchaipiteal glaoite arna léiriú mar chothromas</b>	2020	2019
	€	€
<b>Gnáthscaireanna €1.27 an ceann</b>		
<b>Scairchaipiteal ceadaithe</b>		
30,000,000 scair (2019: 30,000,000 scair)		38,100,000
	<u>38,100,000</u>	
<b>Cionroinnte agus íoctha go hiomlán - arna léiriú mar ghnáthscair</b>		
10,841,516 scair (2019: 10,841,516 scair)		13,768,724
	<u>13,768,724</u>	

Aicme aonair gnáthscaire atá ann. Níl aon srian ar dhíbhiní a dháileadh ná ar aisíocaíocht caipitil. Tá cearta vótála comhionanna ag dul le gach scair agus cáilíonn i leith díbhinní a mhéid is atá iomlán gach scair íoctha amach.

Tugtar cuntas thíos ar gach cúlchiste laistigh de chothromas:

**Cuntas brabúis agus cailteanais**

Is ionann an cuntas brabúis agus cailteanais is ioncam cuimsitheach a fabhraíodh don bhliain airgeadais agus blianta airgeadais roimhe seo.

<b>15 Deontais chaipitil</b>	2020	2019
	€	€
<b>Grúpa agus cuideachta</b>		
Amhail an 1 Eanáir	912,382	212,895
Suimeanna Breise	1,200,046	709,487
Amúchadh	(10,000)	(10,000)
Amhail an 31 Nollaig	<u>2,102,428</u>	<u>912,382</u>

## NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA- ar lean

Fuair an grúpa ceadú deontais €1.9m nó 66% de na gcostais iomlána maidir le hEispéireas an Chapail Rása Éireannaigh faoin Scéim Chaipitil Deontas Fáilte Éireann do Thionscadail mhóra Turasóireachta 2016-2020.

### 15 Amúchadh ar dheontais chaipitil - ar lean

B'ionann deontais a fuarthas le linn na bliana airgeadais agus €1,053,767. Fuarthas an íocaíocht deiridh tráinse €146,279 ar an 14 Eanáir 2021 agus áirítear í san 'réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe' laistigh de fhéichiúnaithe.

16 Nóta le ráiteas an ghrúpa maidir le sreabhadh airgid	2020 €	2019 €
(Cailteanas)/brabús don bhliain airgeadais	(350,151)	722,158
(Creidmheas)/costas cánach ar chailteanas/brabús	(34,809)	35,209
Glan-úschoistais	41,999	38,237
Brabús oibríochta/(cailteanas)	(342,961)	795,604
Amúchadh ar dheontais	(10,000)	(10,000)
Brabús ar shócmhainní a dhiúscairt	(197,794)	(1,250,958)
Dímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe, stoc staileanna agus póraithe	1,211,425	989,713
Sochar iarfhostaíochta lúide íocaíochtaí	(54,000)	(54,000)
Gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre:		
- (Méadú)/laghdú ar infheisteoirí	(345,504)	252,799
- Méadú ar fhéichiúnaithe	(869,878)	(351,966)
- Laghdú ar fheichiúnaithe	(982,808)	(58,816)
Sreabhadh airgid (arna úsáid)/ó ghníomhaíochtaí oibríochta	(1,591,520)	312,376

### 17 Imeachtaí ó dheireadh na bliana airgeadais

Tá nóta i dtuarascáil na stiúrthóirí maidir le himeachtaí suntasacha ó dheireadh na bliana.

### 18 Idirbhearta le Páirtithe Gaolmhara

I rith na bliana cheannaigh na stiúrthóirí agus na páirtithe a bhain leis na stiúrthóirí, seirbhísí coinneála ag luach an mhargaidh ag luach iomlán €5,546 (2019: €5,900).

Cheannaigh an grúpa seirbhísí traenála capall luach €17,312 (CBL agus aisíoc ar eisíocaíochtaí a tabhaíodh) in 2020 ó Commonstown Stud, cuideachta a bhfuil ceangal aige le stiúrthóir (2019: €Nialas). Ceannaíodh €31,933 san iomlán (CBL agus aisíoc ar eisíocaíochtaí a tabhaíodh) in 2019 ó Rosewell Racing Limited, cuideachta a bhfuil ceangal aige le stiúrthóir eile.

### 19 Tiomantais

#### *Tiomantais chaipitil*

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ag deireadh na bliana.

### 20 Sochair iar-fhostaíochta

Tá plean ranníocaíochtaí sainithe i bhfeidhm ag an gcomhlacht d'fhostaithe áirithe agus íocann ranníocaíochtaí seasta isteach in eintiteas ar leithligh. Coinnítear sócmhainní an phlean ar leithligh ó

**NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA- ar lean**

chuid an chomhlachta i gcistí a riartar go neamhspleách. Aithnítear na ranníocaíochtaí chuig an bplean mar chostas an tráth a bhíonn siad dlite le híoc. Áirítear méideanna gan íoc i bhfabhrúithe ar an gclár comhardaithe.

Feidhmíonn an comhlacht scéim phinsin shochair shainithe freisin agus coimeádtar na sócmhainní i gciste pinsin a riartar go leithligh. Déantar soláthar do shochair shainithe sa scéim ar bhonn tuarastail scoir chomhaltaí. Cinneann achtúire cáilithe na ranníocaíochtaí ar bhonn luachálacha tríbhlantúla ag baint úsáide as an modh aonaid theilgte. Dúnadh an scéim d'iontrálaithe nua ar an 1 Márta 2012.

**20 Sochair iar-fhostaíochta - ar lean**

Rinne achtúire neamhspleách cáilithe an luacháil is deireanaí do chríocha maoinithe amhail an 30 Meán Fómhair 2020 agus tá sí ar fáil lena hiniúchadh ag comhaltaí na scéime ach ní d'iniúchadh poiblí.

	2020 €'000	2019 €
Mar seo a leanas an méid a aithnítear sa chlár comhardaithe:		
Luach reatha na ndlíteanas maoinithe	(4,384)	(4,319)
Luach cóir shócmhainní an phlean	<u>3,741</u>	<u>3,598</u>
<b>Dlíteanas i leith sochair iar-fhostaíochta</b>	<b><u>(643)</u></b>	<b><u>(721)</u></b>

Mar seo a leanas an méid a aithnítear sa chuntas brabúis agus cailteanas:

- Costas seirbhíse reatha	8	8
- Glan-úschoistais	<u>7</u>	<u>13</u>
<b>Costas iomlán</b>	<b><u>15</u></b>	<b><u>21</u></b>

Mar a leanas a bhí an toradh iarbhír ar shócmhainní an phlean:

- Ioncam ó ús	35	57
- Toradh ar shócmhainní an phlean lúide ioncam ó ús	<u>177</u>	<u>347</u>
<b>Toradh achtúireach ar shócmhainní plean</b>	<b><u>212</u></b>	<b><u>404</u></b>

Leagtar amach thíos na príomhbhoinn tuisceana a d'úsáid an t-achtúire cáilithe neamhspleách chun na dlíteanas a ríomh faoi FRS 102 :

	2020	2019
Ráta ionchais d'ardú in íocaíochtaí pinsin	1.10%	1.10%
Ráta ardú tuarastail ionchais	n/a	n/a
Ráta lascaine	0.65%	1.00%
Ráta boilscithe	<u>1.30%</u>	<u>1.30%</u>

Tá bonn tuisceana básmhaireachta 2020 bunaithe ar staidéar ar rátaí agus ar threochtaí go dtiocfaidh feabhas ar rátaí básmhaireachta amach anseo arna n-ullmhú ag Cumann Achtúirí na hÉireann.

	2020 Líon	2019 Líon
Fadsaolaí ag aois 65 i gcás pinsinéirí reatha		
- Fir	21.7	21.5
- Mná	24.1	24.0
Fadsaolaí ag aois 65 i gcás pinsinéirí amach anseo		
- Fir	24.0	23.9



**NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA- ar lean**

- Mná	26.1	26.0
-------	------	------

**20 Sochair iar-fhostaíochta - ar lean**

	Plean sócmaidní €'000	Oibleagáid Sochair Shainithe €'000	Iomlán €'000
Amhail an 1 Eanáir 2019	3,317	(4,036)	(719)
Sochair íoctha	(185)	185	-
Ranníocaíochtaí fostóra	62	-	62
Costas seirbhíse reatha	-	(8)	(8)
Ioncam/(costais) ó ús	57	(70)	(13)
Gnóthachain/(caillteanais) atomhaiste:			
Caillteanas achtúireach	-	(390)	(390)
Aischur ar shócmaidní an phlean gan ús san áireamh	347	-	347
Amhail an 31 Nollaig 2019	<u>3,598</u>	<u>(4,319)</u>	<u>(721)</u>
Amhail an 1 Eanáir 2020	3,598	(4,319)	(721)
Sochair íoctha	(131)	131	-
Ranníocaíochtaí fostóra	62	-	62
Costas seirbhíse reatha	-	(8)	(8)
Ioncam/(costais) ó ús	35	(42)	(7)
Gnóthachain/(caillteanais) atomhaiste:			
Caillteanas achtúireach	-	(146)	(146)
Aischur ar shócmaidní an phlean gan ús san áireamh	177	-	177
Amhail an 31 Nollaig 2020	<u>3,741</u>	<u>(4,384)</u>	<u>(643)</u>
		2020	2019
		€'000	€'000
Ba é an luach cóir ar an bplean sócmaidní:			
Ionstraimí cothromais		999	990
Straitéisí dearbhthoraidh		1,178	1,133
Ús seasta		1,351	1,259
Airgead tirim		37	32
Maoin		176	184
		<u>3,741</u>	<u>3,598</u>

**21 Dlíteanais theagmhasacha**

Chun críocha Alt 357 d'Acht na gCuideachtaí, 2014, thug an comhlacht faoi chreidiúnaithe a fhochuideachta, INS Commercial Enterprises DAC, a shlánú, maidir leis na méideanna ar fad a léirítear mar dhlíteanais nó mar ghealltanais sna ráitis airgeadais reachtúla mar a dhéantar tagairt dóibh in Alt 357 (1) (b) d'Acht na gCuideachtaí 2014 don bhliain airgeadais dar críoch 31 Nollaig 2020 nó d'aon tréimhse airgeadais leasaithe ina gcuimsítear an bhliain airgeadais thuas luaite. Tá gach foráil eile d'Alt 357 comhlíonta ina leith sin.

## NÓTAÍ LE RÁITIS AIRGEADAIS AN GHRÚPA- ar lean

Níl an mháthairchuideachta ag súil go mbeidh aon chailteanas ábhartha ag teacht as na ráthaíochtaí sin.

### 22 Máthairchuideachta deiridh agus rialaithe

Tá úinéireacht thairbhiúil an scairchaipitil eisithe go léir dílsithe don Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### 23 Breithiúnais chuntasaíochta chriticiúla agus neamhchinnteacht meastachán

Ní mór meastacháin chuntasaíochta chriticiúla áirithe a úsáid d'fhonn ráitis airgeadais a ullmhú. Ceanglaíonn sé ar an mbainistíocht freisin a mbreithiúnas a úsáid agus iad ag cur beartais chuntasaíochta an ghrúpa i bhfeidhm. Is iad na réimse a mbíonn ardbhreithiúnas nó ardchastacht i gceist nó réimse a mbíonn boinn tuisceana agus meastacháin tábhachtach i leith na ráiteas airgeadais ná:

(i) *Saolré eacnamaíoch fhóna na sócmhainní inláimhsithe*

Tá an muirear dímheasa bliantúil i leith sócmhainní seasta inláimhsithe íogaireach i dtaobh athruithe ar shaolré eacnamaíoch fhóna measta agus luach iarmharach na sócmhainní. Déantar athmheasúnú ar a saolré eacnamaíoch fhóna agus a luach iarmharach gach bliain. Déantar iad a leasú nuair is gá de réir mheastacháin reatha, bunaithe ar infheistíochtaí amach anseo, úsáid eacnamaíoch agus bail fhisiceach na sócmhainní. Féach nóta 7 agus 8 maidir le suim ghlanluacha na sócmhainní seasta inláimhsithe agus an rannóg beartas cuntasaíochta maidir le saolré eacnamaíoch fhóna gach aicme sócmhainne seasta inláimhsithe.

(ii) *Lagú stoic*

Breithníonn an grúpa an féidir costas an stoic a inaisghabháil agus an lagú bainteach a bheadh de dhíth. Nuair a bhítear lagú stoic á ríomh breithníonn an bhainistíocht nádúr agus bail an stoic chomh maith le boinn tuisceana maidir le indíoltacht ionchais a chur i bhfeidhm. Féach nóta 10 maidir le suim ghlanluacha an stoic

(iii) *Lagú ar Fhéichiúnaithe*

Déanann an grúpa meastachán ar luach inaisghabhála féichiúnaithe trádála agus eile. Nuair a bhíonn lagú ar fhéichiúnaithe trádála agus eile á mheas breithníonn an bhainistíocht fachtóirí lena n-áirítear rátáil chreidmheasa reatha an fhéichiúnaí, próifíl aois na bhféichiúnaithe agus taithí go dtí seo. Déantar soláthar in aghaidh féichiúnaithe a bhfuil amhras fúthu. Ní dhéantar drochfhiacha a dhíscríobh nó gur léir nach féidir iad a aisghabháil. Téann an bhainistíocht sa tóir ar gach féichiúnaí a áirítear sa soláthar féichiúnaithe agus tugann a dtuairim i leith in-aisghabhálacht na n-iarmhéideanna cothrom le dáta ar bhonn leanúnach. Féach nóta 11 maidir le suim ghlanluacha na bhféichiúnaithe agus an soláthar bainteach lagaithe.

(iv) *Scéim pinsin Shochair Shainithe*

Tá oibleagáid ar an ngrúpa sochair pinsin a íoc le fostaithe áirithe. Tá costas na sochar sin agus luach reatha na hoibleagáid ag brath ar roinnt fachtóirí lena n-áirítear: ionchas saoil, ardú pá, luachálacha sócmhainne agus an ráta lascaire ar bhannaí corparáide. Déanann an bhainistíocht na fachtóirí sin a mheas chun an ghlán-oibleagáid pinsin a chinneadh sa ráiteas maidir le staid airgeadais. Tá na boinn tuisceana ag teacht le taithí stairiúla agus treochtaí reatha. Féach nóta 20 maidir le nochtuithe a bhaineann leis an scéim pinsin shochair shainithe.

### 24 Na ráitis airgeadais a cheadú

Cheadaigh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais ar an 30 Márta 2021.